C/2026/4270

7.8.2026

TUARASCÁIL AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ RIALAITHEOIR NA RÁTHAÍOCHTAÍ NÓS IMEACHTA DO 2025

(C/2026/4270)

Réamhrá

Is í seo an ceathrú tuarascáil bhliantúil ar mo chuid gníomhaíochtaí mar Rialaitheoir na ráthaíochtaí nós imeachta. Cuireann Rialachán OLAF de chúram orm gearáin ó dhaoine lena mbaineann a láimhseáil. Baineann na gearáin le comhlíontacht OLAF le ráthaíochtaí nós imeachta agus le sáruithe líomhnaithe ar na rialacha is infheidhme maidir le himscrúduithe OLAF. Tá sáruithe féideartha ar cheanglais nós imeachta agus ar chearta bunúsacha san áireamh leis sin.

Sular cruthaíodh feidhm an Rialaitheora, ní raibh daoine a bhí á n-imscrúdú ag OLAF in ann gearán a dhéanamh le comhlacht nó údarás neamhspleách faoin gcaoi ar láimhseáil OLAF an t-imscrúdú. An t-aon rogha a bhí acu ná gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh maidir le drochriarachán, sin nó iarracht a dhéanamh dliteanas neamhchonarthach an Choimisiúin a ghníomhachtú faoi choinníollacha an-docht.

Chun an t-easnamh sin a leigheas, cruthaíodh sásra cuí gearán le leasuithe ar Rialachán OLAF in 2020, rud a chuir ar a chumas do gach duine lena mbaineann gearán a thaisceadh leis an Rialaitheoir.

Tríd an leigheas riaracháin neamhspleách sin, tá prionsabail na cosanta breithiúnaí éifeachtaí á gcoigeartú de réir a chéile ach go seasta ag an Rialaitheoir agus tá siad á n-ailíniú aige le prionsabail na cosanta riaracháin éifeachtaí. Cuireann an Rialaitheoir san áireamh i gcónaí na cearta bunúsacha a eascraíonn as Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, na ráthaíochtaí sonracha nós imeachta lena rialaítear gníomhaíochtaí OLAF, sin agus na prionsabail ghinearálta dlí agus cásdlí Chúirteanna an Aontais a bhfuil feidhm acu maidir le himscrúduithe OLAF.

I gcás an Rialaitheora, tá sé tábhachtach ní hamháin go mbeidh an sásra gearán ina leigheas éifeachtach do na daoine lena mbaineann, ach go méadófar trédhearcacht foriomlán ghníomhaíochtaí OLAF leis freisin. Ní mór don Aontas agus do cháiníocóirí comhlacht frithchalaoise éifeachtúil agus éifeachtach a bheith ann atá in ann leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Mar sin féin, tá sé chomh tábhachtach céanna imscrúduithe OLAF ar chalaois a d'fhéadfadh a bheith ann a dhéanamh i gcomhréir iomlán le cearta bunúsacha agus ráthaíochtaí nós imeachta.

Mar sin féin, chun tuiscint níos fearr a fháil ar ról an Rialaitheora, agus ar a theorainneacha, tá sé tábhachtach a chuimhneamh nach ngníomhaíonn an Rialaitheoir mar bhreitheamh a dhéanann measúnú ar dhlíthiúlacht chinntí agus ghníomhartha OLAF. Ina ionad sin, is é misean an Rialaitheora teacht ar réitigh i ndáil leis na saincheisteanna a ardaíonn gearánaigh agus réitigh a mholadh. Trí réitigh agus, ar deireadh, moltaí a mholadh d'Ard-Stiúrthóir OLAF, féachann an Rialaitheoir freisin leis na saincheisteanna atá i gceist a réiteach agus, ag féachaint chun cinn, feabhas a chur ar chleachtais riaracháin agus imscrúdaitheacha OLAF.

Leanann an tuarascáil seo struchtúr na dtuarascálacha gníomhaíochtaí bliantúla ón Rialaitheoir roimhe seo. Osclaíonn sí le forbhreathnú ar mhisean agus sainordú an Rialaitheora agus ar fheidhmiú an tsásra gearán. Ansin cuirtear i láthair léi na príomhstaitisticí agus na príomhfhigiúirí maidir leis na gearáin a láimhseáladh in 2025. Déantar scrúdú breise leis an tuarascáil ar na gnéithe nós imeachta a bhaineann le gearáin a láimhseáil, agus an togra le haghaidh réitigh a d'eisigh an Rialaitheoir le linn na bliana a chuir OLAF chun feidhme go hiomlán ina dhiaidh sin á chur i dtábhacht. Leagtar amach léi freisin príomhthorthaí an Rialaitheora maidir le príomh-shaincheisteanna substainteacha, go háirithe cearta cosanta na ndaoine lena mbaineann, cur i bhfeidhm phrionsabal na comhréireachta i gcigireachtaí agus in oibríochtaí fóiréinsice digití, agus na teangacha is féidir a úsáid in imscrúduithe OLAF.

Ina theannta sin, áirítear leis an tuarascáil ranna sonracha maidir leis na forbairtí is tábhachtaí a tharla le linn na bliana, lena n-áirítear: (i) glacadh na Socruithe Oibre idir an Rialaitheoir agus OLAF; (ii) comhairliúchán leis an Rialaitheoir maidir leis an meastóireacht ar chur i bhfeidhm agus ar thionchar Rialachán OLAF; agus (iii) cur chun feidhme mholtaí uile an Rialaitheora maidir leis na Treoirlínte maidir le Nósanna Imeachta Imscrúdaithe le haghaidh Fhoireann OLAF ('GIPanna') ag OLAF. Tugtar an tuarascáil chun críche le barúlacha maidir le rannpháirtíocht an Rialaitheora le páirtithe leasmhara le linn na bliana agus aithnítear léi an tacaíocht riaracháin agus dhlíthiúil a chuir an Rúnaíocht ar fáil, a bhfuil an Rialaitheoir fíorbhuíoch di.

Tá an sásra gearán anois ina choimirce fhíor-riachtanach le haghaidh na ndaoine lena mbaineann, lena n-áirithítear go gcomhlíonann gníomhaíochtaí OLAF na ráthaíochtaí nós imeachta ábhartha agus na rialacha ábhartha maidir le himscrúduithe. Chomh maith le gearáin aonair a réiteach, chuidigh na cinntí a rinne an Rialaitheoir le cleachtas imscrúdaitheach OLAF a mhúnlú trí raon feidhme agus cur i bhfeidhm praiticiúil na ráthaíochtaí nós imeachta sin a shoiléiriú. I roinnt cásanna, bhí an réasúnaíocht dhlíthiúil a forbraíodh i gcinntí gearáin mar bhonn eolais d'athbhreithnithe ar GIPanna OLAF, rud a leathnaigh tionchar cásanna aonair taobh amuigh dá gcomhthéacs fíorasach láithreach

Tá súil agam go gcuideoidh an tuarascáil seo le feasacht a mhúscailt maidir leis na cineálacha saincheisteanna atá i gcroílár na ngearán a dhéanann na daoine lena mbaineann, agus ag an am céanna cuntasacht OLAF agus muinín daoine as an gcóras atá curtha i bhfeidhm ag an Aontas chun dul i ngleic le calaois a mhéadú.

An tOllamh Julia LAFFRANQUE (Dr)
Rialaitheoir na ráthaíochtaí nós imeachta

Clár na nÁbhar

Leathanach

Réamhrá 1

1. Misean agus sainordú an Rialaitheora 4

2. An sásra gearán 5

3. Forbhreathnú ar na gearáin a cuireadh isteach in 2025 5

4. Gnéithe nós imeachta: Na céimeanna a bhaineann le gearáin a láimhseáil go héifeachtach 8

4.1 Inghlacthacht 9

4.1.1 An tréimhse teorann 1 mhí amháin chun gearán a thaisceadh 10

4.1.2 Gearáin nach dtagann faoi shainordú an Rialaitheora 11

4.1.3 Cásanna atá ar feitheamh in imeachtaí dlíthiúla 11

4.1.4 Comhfhreagras maidir le gearáin athráiteacha a scor 12

4.2 Nós imeachta sáraíochta 12

4.3 Cuireadh chun an gearán a réiteach 13

4.4 Cinntí clabhsúir 13

5. Gnéithe substainteacha: Forbhreathnú ar phríomhthorthaí an Rialaitheora 14

5.1 Ceart na cosanta 14

5.1.1. An ceart chun bheith curtha ar an eolas 14

5.1.2. An ceart chun cúnamh a fháil ó dhuine dá rogha féin 15

5.1.3. An deis trácht a dhéanamh ar na fíorais arna suí ag OLAF 16

5.1.4. Rochtain ar an gcomhad agus ar dhoiciméid dá dtagraítear sa ráiteas fíoras 18

5.2. Comhréireacht cigireachtaí ar áitribh agus ar oibríochtaí fóiréinsice digití 19

5.3. Na teangacha a úsáidtear 21

6. Socruithe Oibre idir an Rialaitheoir agus OLAF a ghlacadh 21

7. Comhairliúchán maidir leis an meastóireacht ar Rialachán OLAF 22

8. Obair leantach ar ghlacadh na GIPanna nua 24

9. Caidreamh leis na páirtithe leasmhara 27

10. Tacaíocht riaracháin agus dhlíthiúil 27

11. Teagmháil a dhéanamh leis an Rialaitheoir agus gearán a chur isteach 28

Iarscríbhinn Tagairtí 29

Creat dlíthiúil 29

Tuarascálacha gníomhaíochtaí bliantúla agus tuairimí 29

1. **Misean agus sainordú an Rialaitheora**

Is feidhm é Rialaitheoir na ráthaíochtaí nós imeachta a bunaíodh le Rialachán 2020/2023 (AE, Euratom) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 883/2013 ([2]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('Rialachán OLAF') chun ráthaíochtaí nós imeachta agus cearta bunúsacha na ndaoine lena mbaineann ([3]) sna himscrúduithe a dhéanann an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) a chosaint. An 3 Bealtaine 2022, ceapadh an **Dr Julia Laffranque** ([4]) ina céad Rialaitheoir ar feadh téarma neamh-inathnuaite 5 bliana. Tugann Rúnaíocht an Choiste Maoirseachta (an 'Rúnaíocht') cúnamh di.

De réir Airteagal 9a(8) de Rialachán OLAF, déanfaidh an Rialaitheoir an méid seo a leanas:

> '***faireachán ar chomhlíonadh na ráthaíochtaí nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 9, mar aon leis na rialacha is infheidhme d'imscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig. Is é an Rialaitheoir a bheidh freagrach as na gearáin dá dtagraítear in Airteagal 9b a láimhseáil.***'

Comhlíonann an Rialaitheoir a cuid cúraimí agus í go h**iomlán neamhspleách** agus ní ghlacann sí treoracha ó aon duine agus a cuid dualgas á gcomhlíonadh aici ([5]). Ós rud é nach féidir leis na daoine lena mbaineann, i bprionsabal, leigheas breithiúnach a lorg in aghaidh ghníomhartha nó neamhghníomhartha OLAF le linn imscrúdaithe, tá tábhacht mhór ag baint leis go bhféadfaí gearán a dhéanamh leis an Rialaitheoir. Is féidir le gearánach dul i dteagmháil leis an Rialaitheoir, laistigh de na sprioc-amanna dochta a leagtar amach in Airteagal 9b de Rialachán OLAF, chun measúnú neamhspleách críochnúil a lorg ar a ghearán.

Agus gearáin arna gcur isteach ag **daoine lena mbaineann** maidir le **comhlíontacht OLAF le ráthaíochtaí nós imeachta agus leis na rialacha is infheidhme maidir le himscrúduithe** á láimhseáil aici, ní fhéachann an Rialaitheoir le teacht in ionad OLAF agus cinneadh á dhéanamh aici maidir leis an gcaoi le himscrúdú a dhéanamh nó measúnú a dhéanamh ar fhianaise, ná maidir leis na conclúidí ar cheart teacht orthu. Ina ionad sin, is é an ról atá aici **athdhearbhú a sholáthar** gur ghníomhaigh OLAF i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach ina chreat dlíthiúil (má chinneann sí nár tharla aon sárú) agus iarraidh ar OLAF gníomhaíocht a dhéanamh chun gearán a réiteach trí **thogra le haghaidh réitigh** aon uair a aimsíonn sí sárú ar na ráthaíochtaí nós imeachta nó ar na rialacha is infheidhme maidir le himscrúduithe. Mura measann an Rialaitheoir go bhfuil an ghníomhaíocht a rinne OLAF sásúil, mar dhara céim cuireann sí **moladh** faoi bhráid OLAF maidir leis an gcaoi leis an ngearán a réiteach.

Déanann an Rialaitheoir measúnú ar ghearáin i **nós imeachta sáraíochta** agus tugann sí aird ar leith ar Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an 'Chairt') ([6]), ar phrionsabail ghinearálta dhlí an Aontais agus ar chásdlí ábhartha Chúirteanna an Aontais ([7]). Mar sin fhéin, ní chuireann an Rialaitheoir isteach ar sheoladh imscrúduithe OLAF agus ní féidir léi sin a dhéanamh ([8]).

([1]) Rialachán (AE, Euratom) 2020/2223 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, a mhéid a bhaineann le comhoibriú le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus éifeachtacht imscrúduithe na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise, (IO L 437, 28.12.2020, lch. 49, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2223/oj).

([2]) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

([3]) Faoi Airteagal 2(5) de Rialachán OLAF, is éard is duine lena mbaineann ann '*aon duine nó oibreoir eacnamaíoch a bhfuil amhras ann go ndearna sé calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile lena ndéanfaí difear do leasanna airgeadais an Aontais agus atá, dá bhrí sin, faoi réir a imscrúdaithe ag an Oifig*'. Tá gearáin a dhéanann daoine seachas na daoine lena mbaineann, finnéithe agus faisnéiseoirí san áireamh, lasmuigh de shainordú an Rialaitheora.

([4]) Chuaigh an Rialaitheoir i mbun oifige i mí Mheán Fómhair 2022.

([5]) Airteagal 9a(6) de Rialachán OLAF.

([6]) Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (IO C 326, 26.10.2012, lch. 391).

([7]) Tá dhá chúirt i gCúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE): an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta.

([8]) Airteagal 9b(6) de Rialachán OLAF.

Bliain dhúshlánach tháirgiúil a bhí in 2025 i bhfianaise chastacht na saincheisteanna dlíthiúla a cuireadh i láthair sna gearáin a fuarthas. Ní féidir leis an Rialaitheoir tagairt a dhéanamh do chásanna aonair arna n-imscrúdú ag OLAF agus ní mór di a áirithiú go bhfanfaidh siad faoi rún fiú tar éis a ndúnta ([9]). Mar sin féin, tugtar forbhreathnú leis an tuarascáil seo ar na cineálacha ábhar imní a chuir na daoine lena mbaineann in iúl. Leagtar amach léi freisin an chaoi ar tugadh aghaidh ar na hábhair imní sin agus mínítear ann an chaoi a n-oibríonn an sásra gearán agus na torthaí a baineadh amach trína chur chun feidhme.

2. **An sásra gearán**

Ó cuireadh tús leis an obair i mí Dheireadh Fómhair 2022, bhí an deis ag an Rialaitheoir aghaidh a thabhairt ar roinnt ceisteanna suntasacha dlí, agus creat coincheapúil láidir a fhorbairt de réir a chéile chun measúnú a dhéanamh ar ghearáin. Le linn 2025, próiseáladh gearáin go pras agus scrúdaíodh iad ar bhealach críochnúil cuimsitheach.

Chun tuiscint níos fearr a fháil ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an sásra gearán, tá sé tábhachtach a mheabhrú go dtugtar **rochtain speisialta dhíreach** don Rialaitheoir tríd an sásra sin ar an gcáschomhad OLAF a bhaineann leis an imscrúdú ábhartha. Is amhlaidh atá a bhuí le forálacha cur chun feidhme an Rialaitheora maidir le gearáin a láimhseáil (na 'Forálacha Cur Chun Feidhme') ([10]) agus a bhuí leis na socruithe oibre nuashínithe idir OLAF agus an Rialaitheoir (na 'Socruithe Oibre') ([11]). Tá an cineál rochtana seo ar cháschomhad OLAF ríthábhachtach chun gearánaigh a chur ar a suaimhneas faoin Rialaitheoir a bheith in ann breathnú go críochnúil ar ghníomhaíochtaí imscrúdaitheacha OLAF, fiú i gcásanna ina bhfuil cuid den fhaisnéise ábhartha faoi rún agus nach féidir í a nochtadh don ghearánach. I ndáil leis sin, is minic a bhaineann an Rialaitheoir cothromaíocht íogair amach idir rúndacht imscrúdú OLAF, ar thaobh amháin, agus tréith sáraíochta an tsásra gearán ar an taobh eile.

In 2025, chuir an Rialaitheoir i gcrích an measúnú ar ghearán amháin a cuireadh isteach in 2024. Chuir daoine nádúrtha agus dlítheanacha **19 ghearán nua isteach in 2025**. Le linn na bliana tuairiscithe, chuir an Rialaitheoir i gcrích a measúnú le haghaidh 17 cheann acu. Dearbhaíodh go raibh gearán amháin inghlactha le linn an tríú ráithe den bhliain ach bhí gá le ham próiseála níos faide mar thoradh ar an nós imeachta sáraíochta agus iarrataí ar shíntí a chur le sprioc-amanna nós imeachta arna gcur isteach ag OLAF agus ag an ngearánach araon. Cuireadh gearán eile isteach go gairid roimh dheireadh na bliana agus dearbhaíodh go raibh sé inghlactha. Rinneadh cinneadh maidir leis an dá ghearán sa chéad leath de 2026.

3. **Forbhreathnú ar na gearáin a cuireadh isteach in 2025**

Daoine lena mbaineann imscrúduithe *inmheánacha* OLAF (12) ([12]) a chuir isteach formhór na 19 ngearán a fuair an Rialaitheoir in 2025, ach bhain 6 cinn le himscrúduithe *seachtracha* ([13]) agus bhain ceann amháin le cás *comhordúcháin* ([14]) (Fíor 1). Ba i mBéarla a cuireadh formhór na ngearán isteach, agus baineadh úsáid as teangacha eile (Spáinnis, Rómáinis

([9]) Airteagal 9a(9) de Rialachán OLAF.

([10]) Airteagal 8(1) agus (2) den Chinneadh ón Rialaitheoir ráthaíochtaí nós imeachta lena nglactar forálacha cur chun feidhme maidir le gearáin a láimhseáil, 2022/C 494/07, PUB/2022/1609 (IO C 494, 28.12.2022, lch. 17), le fáil freisin ag: https://supervisory-committee-olaf.europa.eu/controller-procedural-guarantees/about-controller/legal-framework_en.

([11]) Féach Caibidil III de na Socruithe Oibre idir an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise agus Rialaitheoir na Ráthaíochtaí Nós Imeachta an 18 Iúil 2025, le fáil ag: https://supervisory-committee-olaf.europa.eu/document/download/ea81e700-4540-4ae6-b7ab-e56fb9a2d075_en?filename=SIGNED_WA_OLAF-Controller.pdf.

([12]) Is éard is imscrúduithe inmheánacha ann imscrúduithe a dhéanann OLAF laistigh d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí Eorpacha arna mbunú le Conarthaí an Aontais nó ar bhonn na gConarthaí sin. Is é cuspóir na n-imscrúduithe sin calaois, claonchasadh, éilliú agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a chomhrac. Chuige sin, imscrúdaíonn OLAF na nithe seo a leanas: (i) ábhair thromchúiseacha a bhaineann le dualgais ghairmiúla a chomhlíonadh ar faillí in oibleagáidí oifigigh agus sheirbhísigh eile an Aontais iad a bhféadfadh imeachtaí araíonachta nó, de réir mar a bheidh, imeachtaí coiriúla a bheith mar thoradh orthu; nó (ii) mainneachtain choibhéiseach oibleagáidí a chomhlíonadh ag comhaltaí institiúidí agus comhlachtaí, cinn oifigí agus gníomhaireachtaí nó baill foirne institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí nach bhfuil faoi réir na Rialachán Foirne (Airteagal 1(4) agus Airteagal 4 de Rialachán OLAF).


([13]) Is éard is 'imscrúduithe seachtracha' ann imscrúduithe a dhéanann OLAF de bhun Airteagal 3 de Rialachán OLAF. Le sainordú OLAF, cumhdaítear caiteachas uile an Aontais (i.e. Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa, beartas talmhaíochta, caiteachas díreach agus cúnamh seachtrach) agus cuid shubstaintiúil d'ioncam an Aontais (dleachtanna custaim agus dleachtanna talmhaíochta den chuid is mó), ach ní ioncam uile an Aontais.

([14]) Is iad na cásanna comhordúcháin na cásanna sin a d'fhéadfadh a bheith faoi réir imscrúduithe seachtracha OLAF, ach ina bhfuil ról OLAF teoranta ina ionad sin do rannchuidiú le himscrúduithe atá á ndéanamh ag seirbhísí náisiúnta eile nó ag seirbhísí eile den Aontas. Déanann sé é sin, i measc nithe eile, trí bhailiú agus malartú faisnéise a éascú agus trí shineirge oibríochtúil a áirithiú i measc na seirbhísí ábhartha náisiúnta agus den Aontas. Is féidir teacht ar an mbunús dlí in Airteagal 12b de Rialachán OLAF agus i reachtaíocht earnáilsonrach, amhail Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle an 13 Márta 1997 maidir le cúnamh frithpháirteach idir údaráis riaracháin na mBallstát agus maidir le comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún chun a áirithiú go gcuirfear an dlí ar ábhair chustaim agus ar ábhair thalmhaíochta i bhfeidhm i gceart (IO L 82, 22.3.1997, lch. 1) agus Rialachán (AE) Uimh. 608/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir leis an bhforghníomhú a dhéanann údaráis chustaim ar chearta maoine intleachtúla agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1383/2003 ón gComhairle (IO L 181, 29.6.2013, lch. 15).

agus Sualainnis) freisin (Fíor 2). Chuir daoine nádúrtha 16 ghearán isteach agus chuir daoine dlítheanacha 3 ghearán isteach (Fíor 3). Le linn na bliana tuairiscithe, chuir roinnt gearánach níos mó ná gearán amháin isteach: dá bhrí sin, ba é 8 an líon iomlán daoine a rinne gearán in 2025, ar daoine nádúrtha iad 5 díobh agus ar eintitis dhlítheanacha iad 3 díobh (Fíor 3). Cuireadh 4 cinn de na gearáin a fuarthas isteach le hionadaíocht dlíodóra.


Fíor 1

Cineálacha imscrúduithe OLAF a ndearnadh gearán ina leith in 2025




Fíor 2

Teangacha na ngearán a cuireadh isteach in 2025



Físor 3


Na daoine a rinne gearán agus an líon gearán



Den chuid is mó, d'agair na gearánaigh sáruithe ar a ráthaíochtaí nós imeachta faoi Airteagal 9 de Rialachán OLAF agus ar a gcearta bunúsacha faoin gCairt (Físor 4). Bhain na gearáin sin le sáruithe líomhnaithe ar na nithe seo a leanas: (i) toimhde na neamhchiontachta agus an ceart chun cosanta (Airteagal 48 den Chairt); (ii) an ceart chun éisteacht a fháil agus feidhmiú éifeachtach cheart na ndaoine lena mbaineann barúil a thabhairt ar fhíorais a bhaineann leo (Airteagal 9(4) de Rialachán OLAF); (iii) an ceart iad a chur ar an eolas (Airteagal 9(3) de Rialachán OLAF); (iv) prionsabail na cothroime, na hoibiachtúlachta agus na neamhchlaontachta nuair a bhíonn imscrúduithe á ndéanamh (Airteagal 9(1) de Rialachán OLAF); (v) an ceart chun dea-riaracháin (Airteagal 41 den Chairt); (vi) an ceart chun saoil phríobháidigh agus chun saoil teaghlaigh (Airteagal 7 den Chairt); (vii) cosaint sonraí pearsanta; agus (viii) an ceart chun cúnamh a fháil ó dhuine dá rogha féin (Airteagal 9(2) de Rialachán OLAF) (Físor 5). Rinne gearánaigh gearán freisin faoi na rialacha is infheidhme maidir le himscrúduithe OLAF ([15]), go háirithe maidir leis an méid seo a leanas: (i) oibríochtaí fóiréinsice digití a dhéanamh; (ii) rialacha maidir le daoine lena mbaineann a shainaithint agus fógra a thabhairt dóibh; (iii) urraim do phribhléid ghairmiúil dlí; (iv) raon feidhme imscrúduithe OLAF; (v) úsáid chóras bainistíochta cáis OLAF; (vi) faireachas neamhdhleathach; (vii) gníomhaíochtaí fhoireann OLAF a théann thar a gcumhachtaí; agus (viii) rúndacht imscrúduithe OLAF (Físor 6).

Físor 4


Ábhar na ngearán a cuireadh isteach in 2025



([15]) Áirítear orthu sin na rialacha a leagtar amach i Rialachán OLAF agus iad siúd atá i dtéacsanna éagsúla, lena n-áirítear Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2). I measc na samplaí suaitheanta eile tá na Treoirlínte maidir le Nósanna Imeachta Imscrúdaithe le haghaidh fhoireann OLAF (na 'GIPanna') atá bailí ón 1 Eanáir 2026, atá le fáil ag: https://anti-fraud.ec.europa.eu/document/download/e1994c22-7d58-4e61-8d34-0937a0be8f98_en; agus na Treoirlínte maidir le Nósanna Imeachta na Fóiréinsice Digití ('DFPanna') le haghaidh Fhoireann OLAF, an 15 Feabhra 2026, le fáil ag: https://anti-fraud.ec.europa.eu/document/download/87e5deb1-8a64-42ca-8e08-234355dbe544_en.


Físr 5

Anailís ar na líomhaintí éagsúla maidir le ráthaíochtaí nós imeachta a ardaíodh in 2025 (agus gearáin inghlactha agus neamh-inghlactha san áireamh)



Físr 6

Anailís ar líomhaintí i ndáil leis na rialacha is infheidhme maidir le himscrúduithe



4. **Gnéithe nós imeachta: Na céimeanna a bhaineann le gearáin a láimhseáil go héifeachtach**

Déileálann an Rialaitheoir le gearáin ar bhealach **cothrom, neamhspleách agus neamhchlaonta**. I gcomhréir le Rialachán OLAF agus Forálacha Cur Chun Feidhme an Rialaitheora, baineann na céimeanna seo a leanas leis an nós imeachta: (i) measúnú ar **inghlacthacht** gearáin; (ii) measúnú ar na **hargóintí substainteacha** a d'ardaigh na gearánaigh. I gcás ina n-aimseoidh an Rialaitheoir sáruithe, de réir na saincheisteanna atá i gceist, féadfaidh sí a iarraidh ar OLAF an gearán a réiteach (togra le haghaidh réitigh) agus, más gá, moladh a eisiúint do OLAF; agus (iii) in aon chás, eisíonn an Rialaitheoir cinneadh deiridh lena gcuirtear a torthaí in iúl don ghearánach.

4.1 **Inghlacthacht**


Laistigh de **10 lá oibre** ó ghearán a fháil, ní mór don Rialaitheoir cinneadh a dhéanamh maidir lena inghlacthacht. Leagtar amach na coinníollacha i míreanna 1 agus 2 d'Airteagal 9b de Rialachán OLAF, agus in Airteagal 5 de na Forálacha Cur Chun Feidhme. Chun gearán a bheith inghlactha, ba cheart é a thaisceadh **laistigh de mhí amháin tar éis don ghearánach teacht ar an eolas faoi na fíorais ábhartha** ar sárú líomhnaithe iad ar na ráthaíochtaí nós imeachta nó ar na rialacha maidir le himscrúduithe. **Ar aon chuma, ní mór é a thaisce tráth nach túisce ná 1 mhí tar éis an imscrúdú a dhúnadh.**

Agus inghlacthacht na ngearán á scrúdú aici, leanann an Rialaitheoir cur chuige lena bhféachtar le foclaíocht agus aidhmeanna fhorálacha ábhartha Rialachán OLAF a urramú. In 2025, rinne an Rialaitheoir measúnú ar inghlacthacht gach gearáin laistigh den teorainn ama fhorordaithe. Dhearbhaigh sí go raibh trí ghearán inghlactha, go raibh ceithre cinn inghlactha go páirteach agus go raibh 12 cinn neamh-inghlactha (Fíor 7).

Ba iad seo a leanas na cúiseanna le neamh-inghlacthacht: (i) in 10 gcás, rinneadh líomhaintí sna gearáin nach dtagann faoi shainordú an Rialaitheora; (ii) in 10 gcás, d'aimsigh an Rialaitheoir na líomhaintí go follasach gan fiúntas, toisc go raibh siad gan chruthú ([16]) nó toisc nach raibh bunús leo ([17]); (iii) in 10 gcás, rinneadh líomhaintí atriallacha leis na gearáin (féach foroinn 4.1.4 den Tuarascáil Gníomhaíochtaí); (iv) i naoi gcás níor chloígh na gearánaigh leis na teorainneacha ama a leagtar amach in Airteagal 9b(2); agus (v) in 1 chás amháin chuir duine nach raibh bainteach an gearán isteach (Fíor 8).


Fíor 7

Inghlacthacht na ngearán a fuarthas in 2025



Fíor 8

Forais le neamh-inghlacthacht na ngearán a fuarthas in 2025 (gearáin atá inghlactha go páirteach san áireamh)



([16]) Tá líomhaintí i ngearáin gan chruthú nach dtacaíonn fianaise shoiléir leo nó atá contrártha go hinmheánach.
([17]) Is éard atá i ngearáin atá go follasach gan bhunús líomhaintí atá bréagach go soiléir nó éilimh shuaibhreosacha.

4.1.1 *An tréimhse teorann 1 mhí amháin chun gearán a thaisceadh*

Chomh maith leis sin in 2025, bhí inghlacthacht fós ina 'rialaitheoir rochtana' tábhachtach i sásra gearán an Rialaitheora. I ngach cás inar cinneadh go raibh gearáin nó líomhaintí neamh-inghlactha, mhínigh an Rialaitheoir go mion don ghearánach an bunús dlí agus na cúiseanna a bhí lena cinneadh. Mar a cuireadh in iúl thuas, bunaítear le hAirteagal 9b(2) de Rialachán OLAF tréimhse theorann dhéach chun gearáin a thaisceadh leis an Rialaitheoir. Faoin bhforáil sin, ní mór gearáin a chur isteach: (i) laistigh de 1 mhí amháin tar éis don ghearánach teacht ar an eolas faoi na fíorais arb iad an sárú líomhnaithe iad; nó (ii) laistigh de 1 mhí amháin ó dhúnadh an imscrúdaithe, i gcás inar dúnadh an t-imscrúdú. I gcás imscrúduithe dúnta, leagtar amach le Rialachán OLAF coinníoll inghlacthachta breise níos déine: **ní mór an gearán a chur isteach tráth nach déanaí ná mí amháin tar éis dhúnadh an imscrúdaithe, gan beann ar an tráth a thagann an gearánach ar an eolas faoi na fíorais ábhartha** (Airteagal 9b(2) de Rialachán OLAF).

Aithníonn an Rialaitheoir go bhfuil an coinníoll sriantach sin is infheidhme maidir le himscrúduithe dúnta ceaptha chun éifeachtacht aon nós imeachta leantach ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais agus éifeachtacht a tograí féin le haghaidh réiteach agus moltaí sa chás sonrach a chaomhnú. Go deimhin, is beag fiúntas a bheadh le hionchur an Rialaitheora i gcásanna dúnta ina bhféadfadh nósanna imeachta leantacha a bheith fós ar siúl os comhair na n-údarás náisiúnta nó AE ábhartha. I gcásanna annamha den sórt sin, measann an Rialaitheoir nach féidir leis na daoine lena mbaineann a gcasaoidí a dhéanamh ach os comhair na n-údarás sin, trí leas a bhaint as na leigheasanna breithiúnacha nó riaracháin atá ar fáil.

D'ainneoin go bhfuil údar feidhmiúil leis, i gcásanna áirithe d'fhéadfadh an dearbhthréimhse teorann 1 mhí amháin is infheidhme maidir le himscrúduithe dúnta a bheith ina cúis le hábhair imní maidir le deimhneacht dhlíthiúil agus cothroime ([18]). Tá fadhbanna ar leith ag baint leis sin ós rud é nach gceanglaítear le Rialachán OLAF faoi láthair ar OLAF na daoine lena mbaineann a chur ar an eolas faoin dáta beacht a ndúnfar imscrúdú a bhaineann le torthaí ina n-aghaidh. Mar thoradh air sin, féadfar tús a chur leis an tréimhse teorann 1 mhí i ngan fhios don duine lena mbaineann, rud a d'fhéadfadh, sa chleachtas, rochtain éifeachtach ar an sásra gearán a bhaint de.

I gceann de na gearáin a cuireadh isteach in 2025, bhí ar an Rialaitheoir aghaidh a thabhairt ar an staid sin go díreach agus bhí air cothromaíocht a bhaint amach idir cur i bhfeidhm docht na gceanglas inghlacthachta a leagtar síos in Airteagal 9b(2) de Rialachán OLAF (a mbeadh sé mar thoradh air go ndearbhófaí go raibh an gearán neamh-inghlactha toisc go raibh cosc ama air) agus prionsabail uileghabhálacha na cothroime agus an dea-riaracháin a chumhdaítear in Airteagal 41 den Chairt.

Sa chás sin, níor chuir OLAF an gearánach ar an eolas faoin bhféidearthacht gearán a thaisceadh leis an Rialaitheoir go dtí go raibh an tréimhse 1 mhí chun é sin a dhéanamh caite cheana féin. **Dá bhrí sin, mheas an Rialaitheoir, i bhfianaise imthosca eisceachtúla an cháis, go mbainfeadh cur i bhfeidhm uathoibríoch Airteagal 9b(2), an fhleasc dheireanach, de Rialachán OLAF an bonn de phrionsabail na cothroime agus an dea-riaracháin**, mar a ráthaítear le hAirteagal 41 den Chairt. Tháinig an Rialaitheoir ar an gconclúid, nuair a chuir OLAF an gearánach ar an eolas faoin bhféidearthacht gearán a thaisceadh leis an Rialaitheoir, go raibh sé beartaithe aige go bhfeidhmeodh an fógra sin mar thús na tréimhse teorann. Ba é sin an t-aon léirmhíniú nach bhfágfadh go mbeadh Airteagal 9b(2) de Rialachán OLAF neamhéifeachtach, agus é á áirithiú san am céanna nár diúltaíodh rochtain ar an sásra gearán don ghearánach sa chleachtas. Dá bhrí sin, measadh go raibh an gearán inghlactha.

I bhfianaise an mhéid sin, shainaithin an Rialaitheoir **an teorainn dhocht ama chun gearáin a chur isteach,** go háirithe ach ní go heisiach i gcás imscrúduithe dúnta, **mar shaincheist ar cheart breithniú cúramach a dhéanamh uirthi i gcomhthéacs na meastóireachta agus an athbhreithnithe a dhéanfar ina dhiaidh sin ar Rialachán OLAF** ([19]).

([18]) Féach Tuarascáil Gníomhaíochtaí Rialaitheoir na Ráthaíochtaí Nós Imeachta le haghaidh 2022 (IO C 248, 13.7.2023, lch. 1), foroinn 3.3.1.; Tuarascáil Gníomhaíochtaí Rialaitheoir na Ráthaíochtaí Nós Imeachta le haghaidh 2023 (IO C, C/2024/5673, 23.9.2024), Roinn 4.1; agus Tuarascáil Gníomhaíochtaí Rialaitheoir na Ráthaíochtaí Nós Imeachta le haghaidh 2024 (IO C, C/2025/4511, 7.8.2025), Roinn 4.1.

([19]) Féach Tuairim an Rialaitheora maidir leis an meastóireacht ar chur i bhfeidhm agus tionchar Rialachán Uimh. 883/2013, le fáil ag https://supervisory-committee-olaf.europa.eu/document/download/3c7a4446-920f-4cdb-92a3-f465e766a30e_en?filename=Annex%20-%20CTR%20Opinion%20on%20evaluation.pdf, tograí 9 agus 16.

4.1.2 *Gearáin nach dtagann faoi shainordú an Rialaitheora*

Is éard atá i gceist le hobair laethúil OLAF próiseáil méideanna móra sonraí pearsanta, lena n-áirítear sonraí íogaire. Féadfaidh OLAF gníomhaíochtaí imscrúdaitheacha a dhéanamh freisin, amhail oibríochtaí fóiréinsice digití, a d'fhéadfaí a mheas mar ghníomhaíochtaí cunóracha ó thaobh cosaint sonraí pearsanta. Dá bhrí sin, ní haon ábhar iontais é go ndearna go leor gearánach líomhaintí le linn 2025 maidir lena gceart chun a sonraí pearsanta a chosaint, mar a ráthaítear le hAirteagal 8 den Chairt agus le Rialachán (AE) 2018/1725 ('Rialachán an Aontais maidir le Cosaint Sonraí') ([20]).

Mar a chuir an Rialaitheoir in iúl roimhe seo ([21]), cé go n-áirítear lena sainordú seiceáil a dhéanamh ar chomhlíontacht OLAF le cearta bunúsacha, **tá údarás maoirseachta neamhspleách ag an Aontas – an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí** ('EDPS') – a bhfuil roinnt freagrachtaí air maidir leis na cearta chun príobháideachais agus chun cosaint sonraí. Foráiltear le hAirteagal 52 de Rialachán an Aontais maidir le Cosaint Sonraí go bhfuil EDPS freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin agus aon ghnímh eile den Aontas a bhaineann le cearta agus saoirsí bunúsacha daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúid nó comhlacht den Aontas agus as cur i bhfeidhm an Rialacháin agus aon ghnímh sin a áirithiú. Ós rud é go bhfuil **comhlacht speisialaithe** cruthaithe ag an Aontas **chun an ceart bunúsach go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint a ráthú**, is faoin gcomhlacht sin (EDPS) seachas faoin Rialaitheoir atá sé déileáil le gearáin a bhaineann le sáruithe líomhnaithe ar rialacha cosanta sonraí. Faoi na rialacha sin, is féidir le haon duine gearán a thaisceadh le EDPS laistigh de 2 bhliain tar éis dó a bheith ar an eolas faoi na fíorais a bhfuil an gearán bunaithe orthu. Ar mhaithe le trédhearcacht, chuir an Rialaitheoir foráil chomhfhreagrach san áireamh sna Forálacha Cur Chun Feidhme chun an roinnt inniúlachtaí sin a léiriú ([22]).

Cé nach ndéileálfaidh an Rialaitheoir le líomhaintí nach mbaineann ach le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm Rialachán an Aontais maidir le Cosaint Sonraí, breithneoidh sí gnéithe a bhaineann le príobháideachas agus cosaint sonraí agus measúnú á dhéanamh aici ar chomhlíontacht fhoriomlán OLAF le ráthaíochtaí nós imeachta.

4.1.3 *Cásanna atá ar feitheamh in imeachtaí dlíthiúla*

Le linn na bliana tuairiscithe, láimhseáil an Rialaitheoir gearán a d'ardaigh fíorais a bhí ar feitheamh in imeachtaí dlíthiúla os comhair na Cúirte Ginearálta. Ceanglaítear le hAirteagal 6 de na Forálacha Cur Chun Feidhme ar an Rialaitheoir cás a dhúnadh nuair a fhaigheann sí amach **go bhfuil, nó go raibh, na fíorais a cuireadh chun cinn sa ghearán ina n-ábhar d'imeachtaí dlíthiúla**. Dá réir sin, amhail in 2023 ([23]), chuir an Rialaitheoir deireadh leis an scrúdú ar an ngearán i ndáil leis na líomhaintí a bhí ar feitheamh os comhair na Cúirte Ginearálta agus ghlac sí leis na líomhaintí eile.

Cuireadh i dtábhacht leis an gcás sin bearna reachtach i Rialachán OLAF, nach bhfuil aon fhoráil shainráite ann lena dtugtar aghaidh ar an idirghníomhú idir an sásra gearán agus imeachtaí breithiúnacha os comhair Cúirteanna náisiúnta nó Cúirteanna an Aontais. Cruthaíonn an easpa sin éiginnteacht do ghearánaigh agus don riarachán araon maidir leis an gcaoi ar cheart déileáil le gearáin nuair atá na hábhair bhunúsacha faoi réir imeachtaí breithiúnacha cheana féin. Ós rud é go bhfuil sé beartaithe leis an sásra gearán caingne a thugtar os comhair údaráis bhreithiúnacha amhail an Chúirt Ghinearálta nó CBAE a chomhlánú, seachas iad a reáchtáil i gcomhthráth, d'fhéadfadh an Rialaitheoir agus údarás breithiúnach an t-ábhar céanna a scrúdú go comhuaineach in éagmais foráil shainráite i Rialachán OLAF. D'fhéadfadh measúnuithe fíorasacha neamhréireacha a bheith mar thoradh ar an dúbláil sin.

Ar na cúiseanna sin, d'iarr an Rialaitheoir ar chomhreachtóirí an Aontais Airteagal 9b de Rialachán OLAF a leasú chun oibleagáid shoiléir a chur ar an Rialaitheoir cás a dhúnadh i gcás ina bhfuil an bunábhar ar feitheamh os comhair Cúirteanna náisiúnta nó Chúirteanna an Aontais ([24]).

([20]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE, PE/31/2018/REV/1 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

([21]) Féach Tuarascáil Gníomhaíochtaí Rialaitheoir na Ráthaíochtaí Nós Imeachta le haghaidh 2022, foroinn 3.3.2.

([22]) Foráiltear le hAirteagal 5(3) de na Forálacha Cur Chun Feidhme '[d]*earbhóidh an Rialaitheoir freisin go bhfuil aon ghearán a ardaíonn saincheisteanna a thagann faoi inniúlacht an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (EDPS), is é sin gearáin a bhaineann le cur i bhfeidhm Rialachán 2018/1725 (AE, Euratom) agus le hurramú an chirt bhunúsaigh go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, neamh-inghlactha*.'

([23]) Féach Tuarascáil Gníomhaíochtaí Rialaitheoir na Ráthaíochtaí Nós Imeachta le haghaidh 2023, *op. cit.*, Roinn 4.3.

([24]) Féach Tuairim an Rialaitheora maidir leis an meastóireacht ar fheidhmiú agus tionchar Rialachán Uimh. 883/2013, *op. cit.*, togra 19.

4.1.4 *Comhfhreagras maidir le gearáin athráiteacha a scor*

Níor tháinig an Rialaitheoir ar ghearáin ina raibh teanga mhaslach le linn na bliana tuairiscithe. Mar sin féin, bhí uirthi aghaidh a thabhairt ar chásanna ina ndearna gearánaigh gearáin arís agus arís eile lenar ardaíodh na líomhaintí céanna, d'ainneoin gur tugadh aghaidh ar na saincheisteanna cheana féin trí chinneadh réasúnaithe lenar dearbhaíodh go raibh an gearán neamh-inghlactha nó trí chinneadh críochnaitheach maidir leis na tuillteanais. Dhéileáil an Rialaitheoir freisin le cásanna inar chuir gearánaigh líon mór gearán isteach a bhain le saincheisteanna a bhí imeallach nó nach raibh ábhartha d'imscrúduithe OLAF. Tá an baol ann go n-atreoróidh patrúin iompraíochta den sórt sin an sásra gearán óna phríomhchuspóir, is é sin cearta bunúsacha agus ráthaíochtaí nós imeachta a chosaint go héifeachtach le haghaidh daoine lena mbaineann imscrúduithe OLAF. D'fhéadfadh cleachtais den sórt sin ualach riaracháin díréireach a chur ar an Rialaitheoir agus ar an Rúnaíocht araon, rud a d'éileodh am agus acmhainní a leithdháileadh ar ábhair nach rannchuidíonn go substaintiúil le cosaint na gceart a bhfuil an sásra ceaptha seasamh leo. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach a áirithiú go leanfaidh an nós imeachta gearán de bheith dírithe ar chasaoidí a bhfuil bunús leo agus atá ábhartha chun a éifeachtacht agus a chreidiúnacht a chaomhnú.

Tugann an Rialaitheoir dá haire nach bhfuil foráil i Rialachán OLAF go sainráite lena gceadaítear di a dhearbhú go bhfuil gearáin mí-úsáideach agus/nó athráiteach. Chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna sin, tá nós imeachta inmheánach leagtha amach ag **an Rialaitheoir** in Airteagal 5(4) de na Forálacha Cur Chun Feidhme agus **tá cleachtas riaracháin forbartha aici arb é is aidhm dó mí-úsáid fhéideartha an tsásra gearán a mhaolú**. Is éard atá i gceist leis an gcleachtas sin an gearán a chlárú mar ghearán nua agus cinneadh foirmiúil neamh-inghlacthachta a eisiúint leis an gcéad rabhadh don ghearánach, lena léirítear go measfar aon chumarsáid nó gearán eile ar an ábhar a bheith athráiteach agus nach ndéanfar measúnú orthu a thuilleadh. Sa chinneadh céanna, cuirtear in iúl don ghearánach freisin go scoirfear de chomhfhreagras maidir leis an ábhar, i gcomhréir le Cód an Choimisiúin um Dhea-Iompraíocht Riaracháin ([25]). **Caithfear le haon aighneachtaí nó gearáin bhreise a leanann an gearánach dá ndéanamh maidir leis an tsaincheist chéanna mar aighneachtaí nó gearáin mhí-úsáideacha**.

In 2025, bhí **4 chás** ann inar ardaigh gearánaigh líomhaintí maidir le hábhair ar thug an Rialaitheoir aghaidh orthu cheana féin trí chinneadh neamh-inghlacthachta réasúnaithe nó trí chinneadh críochnaitheach maidir leis na tuillteanais. Mar thoradh air sin, de réir an chleachtais riaracháin a shonraítear thuas, **rinne an Rialaitheoir an cinneadh scor de chumarsáid maidir leis na hábhair sin**.

4.2 **Nós imeachta sáraíochta**

Tar éis di a réamh-mheasúnú ar na gearáin a chur i gcrích, d'iarr an Rialaitheoir ar OLAF a thuairimí a chur ar fáil maidir leis na 7 gcinn a dearbhaíodh a bheith inghlactha nó inghlactha go páirteach. Ansin sheol an Rialaitheoir freagraí OLAF chuig na gearánaigh agus d'iarr sé orthu barúil a thabhairt maidir le tuairimí OLAF.

Mar phrionsabal, féachann an Rialaitheoir leis an éifeacht is mó is féidir a thabhairt do **phrionsabal na n-imeachtaí sáraíochta**. Dá bhrí sin, tugadh an deis do na páirtithe uile a gcás a shonrú agus doiciméid tacaíochta a chur isteach. I bprionsabal, cuireadh ar an eolas iad freisin faoi aighneachtaí a chéile agus d'fhéadfaidís barúil a thabhairt fúthu. Mar sin féin, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, chinn an Rialaitheoir maolú ar an bprionsabal sin agus a cheadú go gcaithfí faoi rún le faisnéis arna cur isteach ag OLAF i gcomhréir le hAirteagal 7(2) de na Forálacha Cur Chun Feidhme. Go háirithe, chuir an Rialaitheoir an clásal sin i bhfeidhm chun rúndacht agus éifeachtúlacht na n-imscrúduithe ábhartha a chosaint ina nochtfadh freagraí OLAF a mhodhanna oibre, ina gcuirfidís cosc air an fhianaise is gá a bhailiú, nó fiú ina gcuirfidís an straitéis imscrúdaitheach fhoriomlán i mbaol. Sna cásanna sin, d'aontaigh an Rialaitheoir le OLAF go soláthródh OLAF an méid seo a leanas: (i) leagan neamhrúnda dá fhreagraí atá le seoladh chuig an ngearánach, ionas go bhféadfadh an gearánach na cúiseanna atá mar bhonn le hiompar OLAF a thuiscint agus, dá bhrí sin, a bheith in ann agóid a dhéanamh i gcoinne fhreagra OLAF agus frithargóintí a sholáthar; agus (ii) leagan níos mionsonraithe faoi rún chun míniú breise a thabhairt ar na cúiseanna a chuir OLAF chun cinn sa leagan neamhrúnda. Chuir an réiteach cothrom sin ar a chumas don Rialaitheoir measúnú críochnúil a dhéanamh ar gach cás ábhartha agus a h**oibleagáid a chomhlíonadh maidir le rúndacht imscrúduithe OLAF a áirithiú an tráth céanna**. Cuireadh an cleachtas sin ar bhonn foirmiúil anois in Airteagal 10 de na Socruithe Oibre ([26]).

Dá bhrí sin, cé nach bhfuil gearánaigh i dteideal gach píosa faisnéise a fháil, is féidir leo muinín a bheith acu go ndéanann an Rialaitheoir scrúdú neamhspleách críochnúil ar an gcás.

([25]) Féach Cinneadh (AE) 2024/3083 ón gCoimisiún an 4 Nollaig 2024 lena mbunaítear an Cód um Dhea-Iompraíocht Riaracháin le haghaidh Fhoireann an Choimisiúin Eorpaigh ina gcaidreamh leis an bpobal (IO L, 2024/3083, 5.12.2024).

([26]) Féach fonóta 10.

4.3 **Cuireadh chun an gearán a réiteach**

I gceann amháin de na naoi gcás inghlactha a cinneadh in 2025, d'iarr an Rialaitheoir ar OLAF beart a dhéanamh chun an gearán a réiteach de bhun Airteagal 9b(3) de Rialachán OLAF. Sa chás sin, chuir an gearánach ábhair imní in iúl faoi chothroime agus neamhchlaontacht OLAF maidir leis an imscrúdú a dhéanamh, go háirithe le linn gníomhaíocht shonrach bailithe fianaise in oifig an ghearánaigh ([27]). Ar bhonn an scrúdaithe ar an gcáschomhad, a raibh rochtain speisialta ag an Rialaitheoir air ([28]), agus ar bhonn aighneachtaí na bpáirtithe, chinn an Rialaitheoir gur sáraíodh na nithe seo a leanas: (i) an **ceart go n-urramófaí an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh** faoi Airteagal 7 den Chairt; agus (ii) an **ceart chun dea-riaracháin** faoi Airteagal 41 den Chairt, i ndáil leis an gceart go gcaithfí go cothrom, le dínit agus le béasaíocht le linn an phróisis imscrúdaithe.

Dá bhrí sin, mhol an Rialaitheoir go ndéanfadh OLAF gníomhaíocht shonrach chun an gearán a réiteach. Go háirithe, d'iarr an Rialaitheoir ar OLAF, i measc nithe eile, baill foirne OLAF a ghníomhaigh de shárú ar chearta an ghearánaigh a eisiamh ó aon rannpháirtíocht bhreise in imscrúdú OLAF. D'iarr an Rialaitheoir ar OLAF freisin litir fhoirmiúil a sheoladh chuig an ngearánach lena n-aithnítear na sáruithe a shainaithin sí le linn an imscrúdaithe agus lena sonraítear na bearta a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh sin. Chuir OLAF gach togra le haghaidh réitigh chun feidhme go hiomlán, chun sástacht an Rialaitheora, a dhún an cás ansin gan moladh a eisiúint.

4.4 **Cinntí clabhsúir**

Faoi dheireadh 2025 bhí **cinneadh clabhsúir déanta** ag an Rialaitheoir **maidir le 6 ghearán san iomlán**: 1 ghearán ó 2024 agus 5 ghearán (inghlactha agus inghlactha go páirteach) a cuireadh isteach in 2025 ([29]).

Rinne an Rialaitheoir measúnú ar líomhaintí éagsúla agus rinne sí tuilleadh forbartha ar an gcreat coincheapúil chun measúnú a dhéanamh ar ghearáin. Thairis sin, léiríonn beagnach 4 bliana gníomhaíochta an tábhacht a bhaineann le measúnú an Rialaitheora: ní hamháin go bhfónann cinneadh clabhsúir don chuspóir **a iarraidh ar OLAF easnaimh in imscrúdú a chúiteamh** má aimsítear sáruithe. Neartaíonn sé **dlisteanacht imscrúduithe OLAF freisin agus feidhmíonn sé mar dheis foghlama thábhachtach do ghearánaigh** i gcás nach n-aimsíonn an Rialaitheoir aon sárú tar éis nós imeachta sáraíochta agus measúnú dlíthiúil críochnúil.

Níor aimsigh an Rialaitheoir aon sárú ar na ráthaíochtaí nós imeachta ná ar chearta na ngearánach i gcúig ghearán. Sa ghearán eile, dhún an Rialaitheoir an cás tar éis freagra dearfach a fháil ó OLAF ar a hiarraidh an gearán a réiteach i gcomhréir le hAirteagal 9b(3) de Rialachán OLAF (i.e. togra le haghaidh réitigh). Cé nár aimsíodh aon sárú sna cúig chás eile in imthosca sonracha an cháis, shainaithin an Rialaitheoir cleachtais a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis imní dá ndéanfaí arís iad i gcomhthéacsanna eile. I gcásanna den sórt sin, tharraing an Rialaitheoir aird OLAF ar na gnéithe sin trí *obiter dicta* (barúlacha teagmhasacha) sa chinneadh deiridh.

Sna *obiter dicta* sin, d'iarr an Rialaitheoir ar OLAF na breithnithe ábhartha a chur san áireamh agus imscrúduithe á ndéanamh aige amach anseo agus, i gcás inarb iomchuí, machnamh a dhéanamh ar choigeartuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar a chleachtais. Cuireann an cur chuige sin ar chumas an Rialaitheora ní hamháin measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh i gcásanna aonair, ach rannchuidiú le feabhas leanúnach a chur ar chleachtais imscrúdaitheacha OLAF freisin, d'fhonn sáruithe féideartha ar na ráthaíochtaí nós imeachta do dhaoine lena mbaineann i gcásanna comhchosúla amach anseo a chosc. Mar a mhínítear ar bhealach níos mionsonraithe i Roinn 8 den Tuarascáil Gníomhaíochtaí seo, chuir an réasúnaíocht dhlíthiúil a forbraíodh i roinnt cinntí, lena n-áirítear *obiter dicta*, bonn eolais díreach faoi leasuithe ar na Treoirlínte maidir le Nósanna Imeachta Imscrúdaithe le haghaidh Fhoireann OLAF ('GIPanna'), agus ar an gcaoi sin tionchar cásanna aonair a leathnú taobh amuigh dá gcomhthéacs fíorasach láithreach.

Bhí an deis ag an Rialaitheoir freisin aird OLAF a tharraingt ar a thábhachtaí atá sé cumarsáid shoiléir a choinneáil ar bun le gearánaigh agus úsáid chomhsheasmhach a bhaint as an téarmaíocht atá sna leaganacha teanga oifigiúla de Rialachán OLAF agus cumarsáid á déanamh i dteangacha eile seachas an Béarla.

([27]) Chun tuilleadh sonraí a fháil maidir le substaint an ghearáin, féach foroinn 5.1.2 agus Roinn 5.2 thíos.
([28]) Féach fonóta 9.
([29]) Dhearbhaigh an Rialaitheoir go raibh seacht ngearán a cuireadh isteach le linn 2025 inghlactha. Mar sin féin, d'eisigh sí cinntí deiridh maidir le tuillteanais cúig cinn acu le linn na bliana céanna sin. Mar a luaitear thuas i Roinn 2, rinneadh cinneadh maidir leis an dá ghearán inghlactha eile le linn an chéad leath de 2026.

Thairis sin, mar a mhínítear a thuilleadh thíos, bhí an Rialaitheoir in ann rannchuidiú le soiléiriú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ráthaíochtaí nós imeachta agus ar chearta bunúsacha na ndaoine lena mbaineann i gcás ina dtagann fianaise nua chun cinn le linn imscrúdú OLAF maidir le hiompar coiriúil a d'fhéadfadh a bheith ann a thagann faoi shainchúram Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('EPPO'). Go háirithe, scrúdaigh an Rialaitheoir an t-idirghníomhú idir an deis barúil a thabhairt faoi Airteagal 9(4) de Rialachán OLAF agus infheidhmeacht na heisceachta dá bhforáiltear in Airteagal 12c(7) de Rialachán OLAF i gcásanna ina dtuairiscíonn OLAF iompar coiriúil féideartha do EPPO.

5. **Gnéithe substainteacha: Forbhreathnú ar phríomhthorthaí an Rialaitheora**

In 2025, dhéileáil an Rialaitheoir le hargóintí éagsúla a d'ardaigh gearánaigh i ndáil le ráthaíochtaí nós imeachta agus na rialacha is infheidhme maidir le himscrúduithe OLAF. A bhuí lena rochtain speisialta ar cháschomhaid na n-imscrúduithe ábhartha, bhí an Rialaitheoir in ann measúnú a dhéanamh ar gach gearán ar bhonn na fianaise agus na faisnéise uile a bhí ar fáil.

Measann an Rialaitheoir go dtugann an creat coincheapúil atá á bhunú de réir a chéile trína cinntí clabhsúir treoraíocht shoiléir maidir le gníomhaíochtaí imscrúdaitheacha OLAF, cibé acu i bhfoirm tograí le haghaidh réiteach nó i bhfoirm *obiter dicta*.

I gcomhréir le prionsabal na rúndachta, ní féidir leis an Rialaitheoir bunábhar na n-imscrúduithe OLAF a nochtadh. Agus urraim á tabhairt don phrionsabal sin, tugann an Rialaitheoir forléargas sa roinn thíos ar na hargóintí is láidre a d'ardaigh gearánaigh agus ar an gcaoi a ndeachaigh sí i ngleic leo.

5.1 **Ceart na cosanta**

Mar a tharla in 2024, ba é an sárú ar an gceart cosanta in imscrúdú OLAF an líomhain ba mhinice a raibh ar an Rialaitheoir measúnú a dhéanamh uirthi le linn na bliana tuairiscithe. Chuir éagsúlacht na n-argóintí tacaíochta a ardaíodh ar a chumas don Rialaitheoir measúnú a dhéanamh ar go leor de na miondifríochtaí a bhaineann leis an gceart barrtháibhachtach nós imeachta sin.

5.1.1. *An ceart chun bheith curtha ar an eolas*

I gcás amháin, d'áitigh gearánach gur sháraigh OLAF **Airteagal 9(3) de Rialachán OLAF** trí **mhainneachtain faisnéis a sholáthar dó maidir le céim an imscrúdaithe**. I dtuairim an ghearánaigh, ceanglaítear le prionsabail ghinearálta an dea-riaracháin go soláthrófar faisnéis íosta ar a laghad d'aon duine lena mbaineann imscrúdú OLAF maidir le dul chun cinn an imscrúdaithe.

Thapaigh an Rialaitheoir an deis raon feidhme Airteagal 9(3) de Rialachán OLAF agus na cearta a thugann sé do na daoine lena mbaineann a shoiléiriú. Thug sí dá haire ar dtús go gceanglaítear leis an bhforáil ar OLAF oifigeach nó seirbhíseach d'institiúid den Aontas a chur ar an eolas go bhféadfadh baint phearsanta a bheith aige le neamhrialtacht ar choinníoll nach ndéanfaidh sé sin dochar do sheoladh an imscrúdaithe. Sa chiall sin, luaitear an méid seo a leanas le hAirteagal 9(3): '*a luaithe a nochtar le himscrúdú go bhféadfadh oifigeach, seirbhíseach eile, comhalta institiúide nó comhlachta, ceann oifige nó gníomhaireachta nó ball foirne a bheith ina dhuine nó ina duine lena mbaineann, cuirfear an t-oifigeach sin, an seirbhíseach eile sin, comhalta institiúide nó comhlachta, ceann oifige nó gníomhaireachta, nó ball foirne ar an eolas faoi sin*'. Ar an gcaoi chéanna, ceanglaítear le hAirteagal 28(1) de na GIPanna '*comhaltaí, oifigigh nó seirbhísigh eile institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais a chur ar an eolas a luaithe a shainaithnítear iad mar dhuine lena mbaineann* ([30]).

([30]) Rinneadh na himscrúduithe a bhí ina n-ábhar do ghearáin ar láimhseáil an Rialaitheoir iad in 2025 faoi Threoirlínte 2021 maidir le Nósanna Imeachta Imscrúdaithe le haghaidh fhoireann OLAF ('GIPanna 2021'), atá le fáil ag: https://anti-fraud.ec.europa.eu/document/download/3dc10699-df07-4782-ae0d-232cd698286c_en?filename=gip_2021_en.pdf. Leasaíodh na GIPanna ina dhiaidh sin agus cuireadh leagan nua ina n-ionad, a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2026 ('GIPanna 2026'), atá le fáil ag: https://anti-fraud.ec.europa.eu/document/download/e1994c22-7d58-4e61-8d34-0937a0be8f98_en?filename=gips-2026_en.pdf. Chun cur chuige réamhbhreathnaitheach a ghlacadh agus chun tuiscint an léitheora a éascú ar an gcreat dlíthiúil is infheidhme faoi láthair maidir le himscrúduithe OLAF agus léirmhíniú an Rialaitheora air sin, rinneadh tagairtí do GIPanna 2021 a bhí i gcinntí an Rialaitheora ar dtús a oiriúnú sa Tuarascáil Bhliantúil seo chun tagairt a dhéanamh ina ionad sin d'fhorálacha comhfhreagracha GIPanna 2026. Sa chás seo, rinne an Rialaitheoir tagairt d'fhorálacha ábhartha GIPanna 2021 sa chinneadh, ach tá na ráitis agus na conclúidí ar tháinig an Rialaitheoir orthu chomh hinfheidhme céanna maidir le forálacha ábhartha GIPanna 2026. Foráladh le hAirteagal 9(2) de GIPanna 2021, le foclaíocht chomhchosúil, '[g]*o gcuirfidh an t-aonad imscrúdúcháin Feisirí, oifigigh nó seirbhísigh eile institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais ar an eolas a luaithe is féidir faoin mbaint a d'fhéadfadh a bheith acu le himscrúdú oscailte*'.

Thug an Rialaitheoir dá haire freisin nach n-aithnítear go sainráite ceart duine aonair chun bheith curtha ar an eolas faoina stádas mar dhuine lena mbaineann ach amháin i gcomhthéacs imscrúduithe inmheánacha. Os a choinne sin, ní dheonaítear go sainráite le Rialachán OLAF an ceart go gcuirfí daoine lena mbaineann in imscrúduithe seachtracha ar an eolas, rud a fhágann nach bhfuil an t-am beacht ná an bealach beacht chun fógra a thabhairt sainithe chomh soiléir céanna.

Chuir an Rialaitheoir in iúl gur dheimhnigh an Chúirt Ghinearálta in *LA International Cooperation Srl* v *an Coimisiún* ([31]) an cásdlí a bhí aici roimhe seo in *Oikonomopoulos* v *an Coimisiún* ([32]), agus rialaigh sí **go bhfuil feidhm ag** an oibleagáid duine lena mbaineann a chur ar an eolas i gcomhthéacs imscrúdú OLAF, a leagtar síos in Airteagal 9(3) de Rialachán OLAF, **maidir le himscrúduithe seachtracha freisin**. De réir an chásdlí sin, i gcás inar léir le linn imscrúdú seachtrach go bhféadfadh baint a bheith ag duine aonair nó ag eintiteas dlítheanach leis, ba cheart an duine aonair nó an t-eintiteas sin a chur ar an eolas faoina stádas mar dhuine lena mbaineann, ar choinníoll nach ndéanfaidh an fógra sin dochar do sheoladh an imscrúdaithe ná d'aon imeacht imscrúdaitheach a thagann faoi shainchúram údaráis bhreithiúnaigh náisiúnta.

I gcomhréir le cásdlí na Cúirte Ginearálta, d'áitigh an Rialaitheoir gur cheart go n-aithneofaí go sainráite i Rialachán OLAF an ceart atá ag daoine lena mbaineann in **imscrúduithe seachtracha** go gcuirfí ar an eolas iad faoina stádas mar dhuine lena mbaineann *a luaithe is féidir*. Dá réir sin, ina Tuairim maidir leis an meastóireacht ar chur i bhfeidhm agus tionchar Rialachán OLAF, mhol an Rialaitheoir go leasófaí Airteagal 9(3) i gcomhréir le cásdlí Chúirteanna an Aontais atá ann cheana ([33]).

Sa chás áirithe a ndearna an Rialaitheoir anailís air, áfach, níor dhírigh an gearánach ar cé acu a cuireadh nó nár cuireadh ar an eolas é faoina stádas mar dhuine lena mbaineann. Os a choinne sin, bhain maímh an ghearánaigh lena cheart líomhnaithe go gcuirfí ar an eolas é faoi dhul chun cinn an imscrúdaithe. Sa chomhthéacs sin, chuir an Rialaitheoir in iúl **nach dtugtar le Rialachán OLAF an ceart chun bheith curtha ar an eolas faoi chéim bheacht ná faoi dhul chun cinn imscrúdaithe atá ar siúl**, ná faoi na gníomhaíochtaí imscrúdaitheacha a dhéanann OLAF. Mar thoradh air sin, chinn an Rialaitheoir nach raibh bunús le maíomh an ghearánaigh.

5.1.2. *An ceart chun cúnamh a fháil ó dhuine dá rogha féin*

In dhá ghearán, thug an Rialaitheoir aghaidh ar an tsaincheist maidir le ceart an duine lena mbaineann cúnamh a fháil ó dhuine dá rogha féin agus maidir leis an gceart féin-ionchoiriú a sheachaint i gcomhthéacs imscrúduithe inmheánacha. Sa dá chás, mhaígh na gearánaigh nár thug OLAF mínithe leordhóthanacha dóibh ar a gcearta cosanta, agus go háirithe ar a gceart cúnamh a fháil ó dhlíodóir agus ar a gceart féin-ionchoiriú a sheachaint ag tús na cigireachta ar áitreabh laistigh d'institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht (IBOA). Sa dá chás, d'admhaigh an Rialaitheoir, **in imscrúduithe inmheánacha, nach ndéantar tagairt shainráite le hAirteagal 4(2)(a) de Rialachán OLAF do cheart an duine lena mbaineann cúnamh a fháil ó dhlíodóir le linn cigireachta**. Ní thagraíonn sé ach oiread do cheart an duine lena mbaineann a bheith curtha ar an eolas nuair a dhéanann OLAF cigireacht ina oifig. Go deimhin, le hAirteagal 4(2)(a) tugtar an ceart do OLAF '*rochtain láithreach, gan fógra, a fháil ar aon fhaisnéis agus aon sonraí ábhartha, a bhaineann leis an ábhar atá faoi imscrúdú* [...] *atá ag na hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí, mar aon le rochtain ar a n-áitreabh*'. Sonraítear freisin le hAirteagal 47(1) de na GIPanna ([34]) gur féidir le OLAF cigireachtaí a dhéanamh ar an áitreabh '*aon tráth le linn imscrúdaithe*'.

Leanann sé ón gcreat dlíthiúil is infheidhme **nach réamhriachtanas do dhlíthiúlacht iniúchta ar áitreabh arna dhéanamh ag OLAF é an duine lena mbaineann, nó a dhlíodóir, a bheith i láthair.** Más gá, is féidir le OLAF cigireacht a dhéanamh fiú in éagmais an duine lena mbaineann, ar choinníoll go bhfuil ball foirne eile nó garda slándála den IBOA Aontais lena mbaineann i láthair. Dá bhrí sin, níl oibleagáid shoiléir ar OLAF, faoi Rialachán OLAF, na daoine lena mbaineann imscrúduithe inmheánacha a chur ar an eolas faoin bhféidearthacht cúnamh a fháil ó dhlíodóir le linn cigireacht ar a oifig.

([31]) Féach breithiúnas an 29 Meitheamh 2022, *LA International Cooperation Srl* v *an Coimisiún*, T-609/20, ECLI:EU:T:2022:407, míreanna 22 agus 23.

([32]) Féach breithiúnas an 20 Iúil 2016, *Oikonomopoulos* v *an Coimisiún*, T-483/13, ECLI:EU:T:2016:421, míreanna 229 agus 230.

([33]) Féach Tuairim an Rialaitheora maidir leis an meastóireacht ar fheidhmiú agus tionchar Rialachán 883/2013, *op. cit.*, togra 3.

([34]) Mar a mhínítear i bhfonóta 29, rinne an Rialaitheoir tagairt d'fhorálacha ábhartha GIPanna 2021 sa chinneadh, ach tá na ráitis agus na conclúidí ar tháinig an Rialaitheoir orthu chomh hinfheidhme céanna maidir le forálacha ábhartha GIPanna 2026. Sa chás seo, tugann an Rialaitheoir dá aire go gcomhfhreagraíonn Airteagal 17(1) agus (4) de GIPanna 2021, go bunúsach, d'Airteagal 47 de GIPanna 2026.

Sna cásanna sonracha atá i gceist, tháinig an Rialaitheoir ar an gconclúid nár sháraigh OLAF cearta cosanta na ngearánach agus gur ghníomhaigh sé i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme. Thairis sin, tháinig sé chun solais ón gcáschomhad agus ó aighneachtaí na bpáirtithe sa dá chás go bhféadfadh agus gur fheidhmigh na gearánaigh a gcearta cosanta go héifeachtach sa chleachtas.

Mar sin féin, bhí an Rialaitheoir den tuairim, cé nach ndéantar foráil i Rialachán OLAF maidir le ceart foirmiúil chun cúnaimh dhlíthiúil i gcomhthéacs cigireacht OLAF ar áitreabh laistigh de IBOAnna, nach gcuireann sé toirmeasc ach oiread ar dhaoine lena mbaineann cúnamh a fháil ó dhlíodóir. Sa dá chás, chinn an Rialaitheoir **nach féidir le OLAF cosc a chur ar dhuine lena mbaineann cúnamh dlí a lorg nó a fháil, agus dá bhrí sin go gcoinníonn** an duine aonair **an cumas dul i gcomhairle le dlíodóir aon tráth** le linn na gcigireachtaí sin. Mar sin féin, níor cheart an fhéidearthacht sin a bheith ina bac ar chigireacht OLAF a dhéanamh ([35]).

Ina theannta sin, chuir an Rialaitheoir i dtábhacht, cé nach bhforordaítear leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme an bealach sonrach nach mór do OLAF na cearta sin a chur in iúl, gur mheas sí, **i bhfianaise a dtábhachta bunúsaí, gur cheart an fhaisnéis maidir leis na cearta bunúsacha agus na ráthaíochtaí nós imeachta a thugtar do dhaoine lena mbaineann a chur in iúl i scríbhinn, mar ábhar dea-chleachtais riaracháin**. Thairis sin, fiú in éagmais ceanglas foirmiúil i Rialachán OLAF, mhol an Rialaitheoir do OLAF an cleachtas a ghlacadh maidir le **daoine lena mbaineann a chur ar an eolas go soiléir le linn cigireachtaí go mbíonn sé de shaoirse acu i gcónaí comhairle dlí a lorg más mian leo é sin a dhéanamh** ([36]).

5.1.3. *An deis trácht a dhéanamh ar na fíorais arna suí ag OLAF*

Faoi Airteagal 9(4) de Rialachán OLAF, nuair a bheidh an t-imscrúdú críochnaithe agus sula dtarraingeofar suas conclúidí ina ndéanfar tagairt d'ainm duine lena mbaineann, ní mór do OLAF deis a thabhairt don duine sin barúil a thabhairt faoi na fíorais a bhaineann leis. Sonraítear a thuilleadh in Airteagal 9(4) an bealach a bhfuil an deis sin le tabhairt, *i.e.* trí achoimre ar fhíorais a sholáthar.

An deis barúil a thabhairt faoi achoimre OLAF ar fhíorais, is léiriú í sin ar an gceart éisteacht a fháil i gcomhthéacs imscrúduithe OLAF agus is ráthaíocht nós imeachta fíor-riachtanach í do na daoine lena mbaineann. De réir chásdlí Chúirteanna an Aontais, is cuid de chearta na cosanta é an ceart éisteacht a fháil, agus is prionsabal ginearálta de dhlí an Aontais í an urraim do na cearta sin ([37]). Sonraíonn Cúirteanna an Aontais go dtugann an ceart éisteacht a fháil deis don duine a thuairimí a chur in iúl go héifeachtach le linn nós imeachta riaracháin agus sula ndéantar aon chinneadh a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh dá leasanna ([38]).

Leanann sé ón gcásdlí sin ([39]) gurb é príomhchuspóir an ráitis fíoras a áirithiú go bhfuil an duine lena mbaineann ar an eolas faoi na fíorais agus faoin bhfianaise a bhailigh OLAF le linn an imscrúdaithe. Ligeann sé sin don duine aonair an cás ina choinne a thuiscint agus a cheart chun é féin a chosaint a fheidhmiú trí bharúlacha, mínithe nó faisnéis bhreise a sholáthar. Trí dheis a thabhairt don duine barúil a thabhairt, áirithíonn OLAF cothroime agus seasann sé le prionsabal na próise cuí. Cuireann sé cosc ar chinntí atá bunaithe ar fhaisnéis neamhiomlán nó aontaobhach, rud a thugann deis don duine agóid a dhéanamh i gcoinne aon fhíorais a chuireann OLAF i láthair a d'fhéadfadh a bheith mícheart nó neamhiomlán. Ar deireadh, d'fhéadfadh an deis barúil a thabhairt cuidiú freisin le feabhas a chur ar cháilíocht fhoriomlán an imscrúdaithe. D'fhéadfadh an duine lena mbaineann faisnéis a sholáthar a bhféadfadh sé nár mheas OLAF go bhféadfadh tionchar a bheith aici ar thoradh an imscrúdaithe. Measann an Rialaitheoir gur príomhchoimirce nós imeachta é an ráiteas fíoras a dhréachtú agus deis a thabhairt do dhaoine aonair barúil a thabhairt ar na fíorais sin chun neamhchlaontacht agus cothroime a áirithiú san imscrúdú. I gcás an Rialaitheora, tá sé ríthábhachtach go n-áireofaí leis an ráiteas fíoras a sholáthraíonn OLAF do na daoine lena mbaineann torthaí soiléire, oibiachtúla agus fíorasbhunaithe, gan teacht ar chonclúidí ná gan measúnú dlíthiúil a dhéanamh ar na fíorais sin. Áirithítear leis sin cothroime an phróisis, cosnaítear ar aon chlaontacht nó réamhbhreithiúnas le linn na céime imscrúdaithí agus cosnaítear cearta na ndaoine lena mbaineann.

I gcás amháin, d'áitigh an gearánach gur sáraíodh Airteagal 9(4) de Rialachán OLAF agus a cheart imscrúdú cothrom, neamhchlaonta agus oibiachtúil a dhéanamh. Dar leis an ngearánach, **ní hamháin go raibh fíorais a shuigh OLAF le linn an imscrúdaithe sa ráiteas fíoras a fuair sé, ach bhí conclúidí agus léirmhínithe suibiachtúla OLAF ann freisin**, rud a léirigh breithiúnas suibiachtúil agus a chruthaigh débhrí sa doiciméad.

([35]) Féach Tuairim an Rialaitheora maidir leis an meastóireacht ar fheidhmiú agus tionchar Rialachán 883/2013, *op. cit.*, togra 4.
([36]) *Ibid.*, togra 5.
([37]) Féach breithiúnas an 19 Deireadh Fómhair 2022, *Sistem Ecologica* v *an Coimisiún*, t-81/21, ECLI:EU:T:2022:641, mír 103; agus breithiúnas an 14 Meitheamh 2016, *Marchiani* v *an Pharlaimint*, C-566/14, ECLI:EU:C:2016:437, mír 51 agus an cásdlí a luaitear.
([38]) Féach breithiúnas an 4 Meitheamh 2020, *EEAS* v *De Loecker*, C-187/19 P, ECLI:EU:C:2020:444, mír 68.
([39]) Féach breithiúnas an 4 Meitheamh 2020, *EEAS* v *De Loecker*, C-187/19 P, mír 69; breithiúnas an 3 Iúil 2014, *Kamino International Logistics agus Datema Hellmann Worldwide Logistics*, C-129/13 agus C-130/13, mír 38; agus breithiúnas an 11 Nollaig 2014, *Boudjlida*, C-249/13, míreanna 37 agus 59.

I dtéarmaí ginearálta, mheabhraigh an Rialaitheoir do OLAF gur cheart dó a bheith cúramach agus an ráiteas fíoras á dhréachtú sa chaoi nach n-úsáidfí aon fhoclaíocht a d'fhéadfadh an gearánach a mheas mar mheasúnú cáilíochtúil, nó a thabharfadh le tuiscint gur measúnú cáilíochtúil é. Mar sin féin, sa chás sonrach, mheas an Rialaitheoir nár sháraigh an fhoclaíocht a d'úsáid OLAF sa ráiteas fíoras a díríodh chuig an ngearánach cearta an ghearánaigh.

Chinn an Rialaitheoir go raibh an achoimre ar na fíorais mionsonraithe go leor chun go dtuigfeadh an gearánach cineál agus raon feidhme an cháis ina aghaidh agus, dá bhrí sin, go bhfeidhmeodh sé a cheart chun éisteacht a fháil ar bhealach fóinteach. Thairis sin, níor aimsigh an Rialaitheoir sa ráiteas fíoras aon mheasúnú nó ráiteas dochloíte a d'fhéadfaí a mheas a bheith débhríoch nó a d'fhéadfaí a léirmhíniú mar mheasúnú suibiachtúil ag OLAF a d'fhéadfadh oibiachtúlacht, neamhchlaontacht agus cothroime an imscrúdaithe a chur i mbaol. Dheimhnigh an Rialaitheoir gur thagair na téarmaí a d'úsáid OLAF sa ráiteas fíoras do ghnéithe coincréiteacha fíorasacha agus comhthéacsúla. Ina theannta sin, i ngach roinn ábhartha sholáthair OLAF mínithe breise agus comhthéacs fíorasach a chuir ar chumas an duine lena mbaineann tuiscint iomlán a fháil ar na fíorais arna suí ag OLAF.

I gcás eile, bhí an deis ag an Rialaitheoir measúnú a dhéanamh ar an i**dirghníomhú idir an deis barúil a thabhairt faoi Airteagal 9(4) de Rialachán OLAF agus infheidhmeacht Airteagal 12c(7) de Rialachán OLAF i gcásanna ina dtuairisceodh OLAF chuig EPPO**.

Sa chás sin, d'áitigh an gearánach gur sháraigh OLAF a chearta faoi Airteagal 9(4) de Rialachán OLAF toisc nár thug sé deis dó barúil a thabhairt ar na fíorais a suíodh sular chinn sé scor dá imscrúdú, i gcomhréir le hAirteagail 12c(5) agus 12c(7) de Rialachán OLAF.

Sa chás sin, chuir an Rialaitheoir in iúl, de bhun Airteagal 12c de Rialachán OLAF, go bhfuil OLAF faoi dhianoibleagáid aon iompar coiriúil a thuairisciú do EPPO a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do leasanna airgeadais an Aontais a thagann faoi inniúlacht EPPO mar a shainítear i gCaibidil IV de Rialachán EPPO. Faoin bhforáil sin, tá sé d'oibleagáid ar OLAF tuarascáil ('ECR') a chur faoi bhráid EPPO gan moill mhíchuí, a luaithe a fhaigheann sé amach go bhféadfadh an t-iompar atá i gceist a bheith coiriúil agus go dtagann sé faoi shainchúram EPPO. Má chuireann EPPO OLAF ar an eolas faoi imscrúdú coiriúil a oscailt ar na fíorais chéanna, scoireann OLAF dá imscrúdú féin chun dúbláil a sheachaint agus cuireann sé EPPO ar an eolas dá réir sin. Faoi Airteagal 12c(5), nuair a chinneann EPPO imscrúdú a oscailt, ní féidir le OLAF leanúint dá imscrúduithe féin ar na fíorais chéanna ([40]).

Sa chás sin, luaigh an Rialaitheoir go ndéantar foráil go sainráite le hAirteagal 12c(7) de Rialachán OLAF maidir le heisceacht ar an gceart barúil a thabhairt faoi Airteagal 9(4) de Rialachán OLAF i gcásanna ina scoireann OLAF d'imscrúdú tar éis ECR a tharchur chuig EPPO.

Sa chás i gceist, dheimhnigh an Rialaitheoir nár thug OLAF a imscrúdú féin i gcrích ar bhonn torthaí imscrúdaitheacha faoi Airteagal 11 de Rialachán OLAF, ach ina ionad sin gur scoir sé dá imscrúdú de bhun Airteagal 12c(5) de Rialachán OLAF. Dá bhrí sin, i gcomhréir leis na hoibleagáidí a eascraíonn as an idirghníomhú idir Rialachán OLAF agus Rialachán EPPO ([41]), rinne OLAF an méid seo a leanas: (i) a imscrúdú féin a chur ar fionraí; (ii) a thuarascáil ar choireacht chuig EPPO a tharchur agus, ar a chur in iúl dó go raibh imscrúdú coiriúil á thionscnamh ag EPPO ar na fíorais chéanna; (iii) a scor dá imscrúdú féin; agus (iv) an cáschomhad a aistriú chuig EPPO. Dheimhnigh an Rialaitheoir freisin, i gcomhréir leis na forálacha sin, gur cuireadh cosc ar OLAF teacht ar aon chonclúid shubstainteach maidir leis an ngearánach agus gur tharchuir sé an fhaisnéis ábhartha atá ina sheilbh chuig EPPO lena measúnú.

([40]) Foráiltear le hAirteagal 12c(5) de Rialachán OLAF, sna himthosca sin, *'nach leanfaidh an Oifig dá himscrúdú ar na fíorais chéanna seachas i gcomhréir le hAirteagal 12e nó 12f'*. Is é is cúis leis an soiléiriú deiridh sin, mar chuid den chomhar idir OLAF agus EPPO, go bhforáiltear leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme go bhféadfadh OLAF gníomhaíochtaí tacaíochta agus imscrúduithe comhlántacha araon a dhéanamh fad atá imscrúdú EPPO ar siúl. Ar an gcéad dul síos, féadfaidh OLAF tacaíocht a thabhairt nó gníomhaíocht EPPO a chomhlánú (go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) faisnéis, anailísí – lena n-áirítear anailísí fóiréinseacha, saineolas agus tacaíocht oibríochtúil a chur ar fáil; (ii) comhordú ghníomhaíochtaí sonracha na n-údarás náisiúnta riaracháin inniúla agus chomhlachtaí an Aontais a éascú; agus (iii) imscrúduithe riaracháin a dhéanamh), faoi na téarmaí a leagtar síos in Airteagal 12e de Rialachán OLAF. Ar an dara dul síos, fad a dhéanann EPPO a imscrúdú coiriúil, féadfaidh OLAF imscrúdú comhlántach a thionscnamh freisin, d'fhonn glacadh beart réamhchúraim nó gníomhaíochta airgeadais, araíonachta nó riaracháin a éascú, i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach in Airteagal 12f de Rialachán OLAF.

([41]) Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

Mar thoradh air sin, **níor shroich imscrúdú OLAF riamh an pointe ag a spreagfaí ceart an ghearánaigh barúil a thabhairt ar na fíorais a bhaineann leo**, toisc nár suíodh na fíorais ábhartha sin go fóill. Dá bhrí sin, tháinig an Rialaitheoir ar an gconclúid gur ghníomhaigh OLAF i gcomhréir iomlán leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme toisc nár thug sé deis don ghearánach barúil a thabhairt, de bhun na heisceachta a leagtar síos in Airteagal 12c(7) de Rialachán OLAF.

D'ainneoin thorthaí an Rialaitheora, d'athdhearbhaigh sí don ghearánach go leanfaí dá chearta bunúsacha agus de na ráthaíochtaí nós imeachta a chosaint le linn imscrúdú EPPO. Bheadh an deis ag an ngearánach aon líomhain nó doiciméadacht a d'fhéadfadh sé a chur i láthair ag an gcéim iomchuí d'imscrúdú OLAF a chur faoi bhráid EPPO. Thairis sin, thabharfaí ardchaighdeán cosanta do chearta bunúsacha agus ráthaíochtaí nós imeachta an ghearánaigh ós rud é, i gcodarsnacht leis na himscrúduithe riaracháin arna ndéanamh ag OLAF, go ndéanann EPPO imscrúduithe coiriúla atá faoi réir na gcoimircí nós imeachta dochta a leagtar amach i gCaibidil VI de Rialachán EPPO.

5.1.4. *Rochtain ar an gcomhad agus ar dhoiciméid dá dtagraítear sa ráiteas fíoras*

Le linn 2025, láimhseáil an Rialaitheoir gearán freisin maidir le sárú líomhnaithe ar na cearta bunúsacha agus ar na ráthaíochtaí nós imeachta faoi **Airteagal 9(1) de Rialachán OLAF**, lena n-áirítear **an ceart chun cosanta agus an ceart chun éisteacht a fháil**, i ndáil le diúltú OLAF **rochtain** a thabhairt don ghearánach **ar cháschomhad** an imscrúdaithe atá ar siúl agus ar na **doiciméid uile dá dtagraítear san achoimre ar fhíorais**.

Chuir an Rialaitheoir an méid seo a leanas in iúl ar dtús: (i) **ní ceart é rochtain ar chomhad imscrúduithe OLAF a áirítear i measc na ráthaíochtaí nós imeachta dá bhforáiltear le hAirteagal 9 de Rialachán OLAF**; agus (ii) le Rialachán OLAF ní thugtar teideal don duine lena mbaineann rochtain a fháil ar an bhfianaise uile a bhailíonn OLAF, ós rud é go bhféadfadh sé sin gníomhaíocht OLAF nó aon ghníomhaíocht leantach a d'fhéadfadh na húdaráis inniúla a dhéanamh a chur i mbaol i gcás inar eisigh OLAF moladh. Go deimhin, de réir chásdlí Chúirteanna an Aontais ([42]), níl aon oibleagáid ar OLAF rochtain a thabhairt do dhuine lena mbaineann imscrúdú ar na doiciméid is ábhar d'imscrúdú den sórt sin ná ar na doiciméid arna dtarraingt suas ag OLAF féin chun na críche sin, ós rud é go bhféadfaí éifeachtacht agus rúndacht an mhisin a chuirtear de chúram ar OLAF agus neamhspleáchas OLAF a chur i mbaol. Mar atá ráite ag Cúirteanna an Aontais, ráthaítear go leordhóthanach ceart cosanta duine lena mbaineann in imscrúdú OLAF leis an bhfaisnéis a fhaigheann sé agus leis an bhfíoras go dtugtar an deis dó barúil a thabhairt ar an achoimre ar fhíorais nuair a bheidh imscrúdú OLAF curtha i gcrích agus sula dtarraingeofar suas conclúidí lena dtagraítear dó faoina ainm.

Leanann sé ó chásdlí is infheidhme na gCúirteanna Eorpacha **nach bhfuil sé de cheart ag duine lena mbaineann rochtain a fháil ar cháschomhad imscrúdaithe OLAF atá ar siúl. Dá bhrí sin, tháinig an Rialaitheoir ar an gconclúid nach sáraíonn diúltú OLAF don rochtain sin Airteagal 41 den Chairt**.

D'áitigh an gearánach freisin nach bhféadfadh sé a cheart chun éisteacht a fháil a fheidhmiú go héifeachtach toisc nach raibh rochtain aige ar na doiciméid dá dtagraítear san achoimre ar fhíorais. Maidir leis sin, chinn an Rialaitheoir nach mór scrúdú a dhéanamh ar aon sárú líomhnaithe ar an gceart cosanta le linn imscrúdú OLAF, lena n-áirítear an ceart chun éisteacht a fháil, i ndáil leis an bhfaisnéis a fuair an gearánach agus i ndáil leis an bhfíoras gur tugadh deis dó a thuairimí a chur in iúl agus éisteacht a fháil ([43]). Sa chás seo, mheas an Rialaitheoir **gur sholáthair OLAF ráiteas fíoras a bhí leordhóthanach chun go mbeadh an gearánach in ann a cheart chun éisteacht a fháil a fheidhmiú**. Thug an Rialaitheoir dá haire freisin gur bhain an gearánach úsáid as a cheart chun éisteacht a fháil agus gur chuir sé barúlacha mionsonraithe faoi bhráid OLAF roinnt uaireanta. Dá bhrí sin, tháinig an Rialaitheoir ar an gconclúid **go raibh an gearánach in ann a bharúlacha a chur isteach maidir leis na fíorais arna suí ag OLAF, agus a thuairim á lua aige, agus gur tugadh ceart fóinteach dó éisteacht a fháil**. Ar deireadh, chuir an Rialaitheoir in iúl nach bhfuil aon fhoráil ann lena dtugtar an ceart don duine lena mbaineann seasamh a ghlacadh maidir le gach ráiteas fianaise nó tuairimí a chur in iúl maidir leis na conclúidí ar féidir le OLAF teacht orthu ([44]).

([42]) Féach breithiúnas an 20 Iúil 2016, *Oikonomopoulos* v *an Coimisiún*, T-483/13, ECLI:EU:T:2016:421, míreanna 238 go 240 agus an cásdlí a luaitear.

([43]) *Ibid.*

([44]) Féach breithiúnas an 6 Meitheamh 2019, *Dalli* v *an Coimisiúin*, T-399/17, ECLI:EU:T:2019:384, míreanna 143 go 144.

5.2. **Comhréireacht cigireachtaí ar áitribh agus ar oibríochtaí fóiréinsice digití**

Is gníomhaíochtaí imscrúdaitheacha iad cigireachtaí ar áitribh agus ar oibríochtaí fóiréinsice digití a mheastar a bheith 'ionsáiteach ó thaobh cineáil de' agus, dá bhrí sin, atá faoi réir rialacha sonracha ([45]). Le linn 2025, bhí dhá chás ann inar cheistigh gearánaigh comhréireacht na ngníomhaíochtaí imscrúdaitheacha sin, go háirithe maidir le gairis faoi úinéireacht phríobháideach.

Sula ndearna an Rialaitheoir fiúntais an dá ghearán, **thug sí aghaidh ar dtús ar na prionsabail ghinearálta lena rialaítear oibríochtaí fóiréinsice digití OLAF**.

Creat is infheidhme maidir le hoibríochtaí fóiréinsice digití

I gcomhthéacs imscrúduithe inmheánacha, cuireann Airteagal 4 de Rialachán OLAF ar chumas OLAF oibríochtaí fóiréinsice digití a dhéanamh ar áitreabh institiúidí an Aontais. Chuige sin, liostaítear le hAirteagail 47(1) agus 53(1) de na GIPanna cigireachtaí ar áitribh agus oibríochtaí fóiréinsice digití araon mar mhodh le haghaidh na n-aonad imscrúdúcháin chun fianaise a bhailiú le linn chéim an imscrúdaithe.

Luaitear go háirithe le hAirteagal 4(2)(a) de Rialachán OLAF nach mór rochtain láithreach gan réamhfhógra a bheith ag OLAF ar aon '*fhaisnéis agus sonraí ábhartha a bhaineann leis an ábhar atá faoi imscrúdú, gan beann ar an gcineál meáin a bhfuil siad stóráilte air, atá i seilbh na n-institiúidí,* [...] *agus ar a n-áitreabh*.' Tá forálacha comhchosúla in Airteagal 47(3) de na GIPanna.

Sonraítear le hAirteagal 4(2)(a) de Rialachán OLAF go bhféadfaidh OLAF cigireacht a dhéanamh ar **ghairis atá faoi úinéireacht phríobháideach** faoi **thrí choinníoll charnacha**: (i) is chun críoch oibre a úsáidtear na gairis; (ii) tá na coinníollacha sonracha chun déanamh amhlaidh leagtha síos sna cinntí inmheánacha arna nglacadh ag na hinstitiúidí lena mbaineann; agus (iii) go bhfuil foras réasúnta ag OLAF a bheith in amhras go bhféadfadh a n-ábhar a bheith ábhartha don imscrúdú.

Chuir an Rialaitheoir in iúl freisin, de réir Airteagal 1(5) de na Treoirlínte maidir le nósanna imeachta na fóiréinsice digití le haghaidh fhoireann OLAF ('DFPanna') ([46]), gurb é atá in oibríocht fóiréinsice digití '***cigireacht*** *theicneolaíoch****, fáil agus scrúdú*** *ar na meáin dhigiteacha agus/nó ar a n-ábhar, arna ndéanamh ag Speisialtóirí Fianaise Digití (DES) OLAF agus úsáid á baint as trealamh fóiréinseach agus uirlisí bogearraí. Is é an cuspóir atá ann sonraí a aimsiú, a shainaithint, a bhailiú agus/nó a fháil agus a chaomhnú, ar sonraí iad a d'fhéadfadh a bheith ábhartha d'imscrúdú, agus a fhéadfar a úsáid mar fhianaise i nósanna imeachta riaracháin, araíonachta agus breithiúnacha*.'

Le linn nós imeachta fóiréinsice digití, déanann OLAF na hoibríochtaí ar leith seo a leanas: (i) **bailiú** fóiréinsice digití, arb é an próiseas é chun na gairis fhisiciúla ina bhfuil fianaise dhigiteach a d'fhéadfadh a bheith ann a bhailiú ([47]); (ii) **fáil** fóiréinsice digití, is é sin fáil (cóipeáil) aon sonraí a stóráiltear ar mheán digiteach trí phróiseas íomháithe fhóiréinsigh ([48]); (iii) **réamhamharc** ar na sonraí, arb é atá ann an chéad chigireacht ar mheán digiteach trí uirlis fhóiréinseach iomchuí a úsáid chun a shuí an bhféadfadh sonraí a bheith iontu a d'fhéadfadh a bheith ábhartha don imscrúdú (is féidir é sin a dhéanamh sula bhfaightear na sonraí go digiteach ([49]) nó ina dhiaidh sin ([50])); agus (iv) **scrúdú** fóiréinsice digití, arb é an próiseas é chun anailís a dhéanamh ar na sonraí a bhailítear le linn oibríocht fóiréinsice digití ([51]).

([45]) Faoi Airteagal 47(2) de na GIPanna, ní féidir na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh ach amháin tar éis údarú a fháil ó Ard-Stiúrthóir OLAF. Nuair a bheartaíonn an t-aonad imscrúdaitheach gníomhaíocht imscrúdúcháin a éilíonn údarú ón Ard-Stiúrthóir, dréachtaíonn sé iarraidh ar údarú agus cuireann sé faoi bhráid aonad speisialaithe OLAF í, is é sin an 'Foireann Athbhreithnithe' (féach Airteagal 36(2) de na GIPanna). Fíoraíonn an Fhoireann Athbhreithnithe dlíthiúlacht, riachtanas agus comhréireacht na gníomhaíochta imscrúdaithí atá beartaithe agus tugann sí tuairim don Ard-Stiúrthóir, ar ar a bonn a dhéanann an tArd-Stiúrthóir cinneadh (féach Airteagal 36(4) de na GIPanna). Tá na coimircí nós imeachta sin comhsheasmhach le léirmhíniú Chúirteanna an Aontais ar phrionsabal na comhréireachta. Mar phrionsabal ginearálta de dhlí an Aontais, ceanglaítear leis an bprionsabal sin go mbeidh gníomhartha institiúidí an Aontais iomchuí chun na cuspóirí dlisteanacha atá á saothrú leis an reachtaíocht atá i gceist a bhaint amach agus nach rachaidh siad thar theorainneacha an mhéid is gá chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Féach, chuige sin, breithiúnas an 16 Feabhra 2022, *an Ungáir v an Pharlaimint agus an Chomhairle*, C-156/21, ECLI:EU:C:2022:97, mír 340 agus an cásdlí a luaitear.

([46]) Féach na Treoirlínte maidir le Nósanna Imeachta na Fóiréinsice Digití le haghaidh Fhoireann OLAF, le fáil ag: https://anti-fraud.ec.europa.eu/investigations/digital-forensics_en.

([47]) Féach Airteagal 1(7) de na DFPanna.

([48]) Féach Airteagal 1(8) de na DFPanna.

([49]) Féach Airteagal 4(4) de na DFPanna.

([50]) Féach Airteagal 5(4), (5) agus (6) de na DFPanna.

([51]) Féach Airteagal 8 de na DFPanna.

Dúirt an Rialaitheoir freisin go sonraítear sna GIPanna chomh maith gur cheart oibríochtaí fóiréinseacha a dhéanamh i gcomhréir le **prionsabal an riachtanais agus na comhréireachta, agus na gairis a bhfuil léiriú soiléir acu ar úsáid ghnó á gcur i dtábhacht** ([52]). Féadfar a áireamh ar oibríochtaí fóiréinsice digití freisin rochtain ar ghairis atá faoi úinéireacht phríobháideach agus a úsáidtear chun críoch oibre. Ar deireadh, ní mór an scrúdú agus an anailís fóiréinsice digití ar na sonraí a bhailítear le linn na hoibríochta fóiréinsice digití a theorannú **do shonraí is gá agus is ábhartha maidir leis an imscrúdú lena mbaineann a asbhaint**.

Cur i bhfeidhm sna cásanna sonracha

Maidir le himthosca sonracha an dá ghearán a rinne na líomhaintí sin, thug an Rialaitheoir dá aire sa dá chás **gur maoin IBOA iad na gairis dhigiteacha a sholáthair IBOA do na gearánaigh**, a tugadh don ghearánach ar an gcéad dul síos chun críoch oibre. Ba leis an IBOA iad, arbh é an ceann 'a choinníonn' na gairis agus na sonraí atá iontu chun críocha Airteagal 4(2)(a) de Rialachán OLAF. Dá bhrí sin, gan beann ar an úsáid shonrach a bhain an gearánach astu, bhí údar iomlán lena mbailiú agus lena bhfáil faoin bhforáil thuas. Sa dá chás, **d'fhéadfadh an Rialaitheoir a dheimhniú trína rochtain speisialta ar an gcáschomhad gur úsáideadh na gairis atá faoi úinéireacht phríobháideach chun críoch oibre.** I ndáil leis sin, thug an Rialaitheoir dá aire, **a luaithe a shainaithnítear úsáid ghairmiúil, nach mbaineann méid na húsáide sin (teoranta nó substaintiúil) ná an chúis atá léi (tionscnamh féin nó arna iarraidh) le hábhar**. Dá réir sin, sa dá chás, ba é tuairim an Rialaitheora go raibh cinneadh OLAF na gairis a bhailiú agus na sonraí atá iontu a fháil faoi Airteagal 4(2)(a) de Rialachán OLAF dleathach.

Anailís chomhréireachta

Maidir le comhréireacht na ngníomhaíochtaí imscrúdaitheacha, chuir an Rialaitheoir an méid seo a leanas in iúl. Mar a dheimhnigh an Chúirt Ghinearálta, ní féidir cumhacht imscrúdaitheoirí OLAF rochtain a fháil (faoi na coinníollacha céanna le cigirí riaracháin náisiúnta agus i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta) ar an bhfaisnéis agus ar an doiciméadacht ábhartha uile is gá chun seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh go cuí **a léirmhíniú sa chaoi go gceadaítear don duine lena mbaineann na sonraí ábhartha a chinneadh chun críocha imscrúdú OLAF** ([53]).

Chuir an Rialaitheoir i dtábhacht freisin **nach cuid de cháschomhad OLAF iad na sonraí uile a fuarthas ar dtús le linn cigireachta agus oibríocht fóiréinsice digití**. I gcomhréir le hAirteagal 8(4) de na DFPanna, **ní aistrítear ach sonraí atá ábhartha don imscrúdú chuig an gcáschomhad**. Go praiticiúil, déantar an íomhá fhóiréinseach a fhaigheann OLAF a chlaochlú ar dtús ina 'comhad oibre fóiréinseach', ar cóip é de na sonraí fóiréinsice digití a fhaigheann OLAF, ach i bhfoirm is féidir le OLAF a 'innéacsú'. A luaithe a dhéantar na sonraí a innéacsú, is féidir le OLAF leanúint ar aghaidh ar deireadh le 'cuardach agus sainaithint' na sonraí ábhartha le haghaidh an imscrúdaithe. Más rud é, ag deireadh an chuardaigh, go sainaithnítear aon chomhad mar chomhad 'ábhartha' don imscrúdú atá ar siúl, **beidh sé mar chuid de cháschomhad OLAF ansin agus tiocfaidh sé chun bheith ina fhianaise is féidir le OLAF a úsáid.**

I gceann de na gearáin, d'áitigh an duine lena mbaineann fiú gur cheart cuireadh a thabhairt dó barúil a thabhairt ar liosta na n-eochairfhocal a d'ullmhaigh imscrúdaitheoirí OLAF chun na sonraí a fuarthas a chuardach. Maidir leis an tsaincheist sin, bhí an Rialaitheoir den tuairim go mbainfí an bonn de neamhspleáchas na n-imscrúdaitheoirí agus go gcuirfí an t-imscrúdú i mbaol dá bpléifí an liosta leis an duine lena mbaineann nó dá dtiocfaí ar chomhaontú leis an duine sin. Chuir an Rialaitheoir i dtábhacht go ndéanann OLAF a imscrúduithe go hiomlán neamhspleách faoi Rialachán OLAF. Dá bhrí sin, **tagann rogha na n-eochairfhocal go heisiach faoi shainchúram na n-imscrúdaitheoirí, agus léiríonn sé a straitéis imscrúdaitheach, nach féidir le OLAF a chomhroinnt ná a chomhaontú le tríú páirtithe, go háirithe le daoine lena mbaineann**. Ar an gcaoi chéanna, dhiúltaigh an Rialaitheoir do mholadh an ghearánaigh grinnscrúdú a dhéanamh ar liosta na n-eochairfhocal agus ar an údar comhfhreagrach lena n-úsáid. Dhearbhaigh sí gur faoi OLAF atá sé a chinneadh, i ngach cás, cé na heochairfhocail a d'fhéadfadh a bheith ábhartha chun críocha an imscrúdaithe.

([52]) Mar a mhínítear i bhfonóta 29, rinne an Rialaitheoir tagairt d'fhorálacha ábhartha GIPanna 2021 sa chinneadh, ach tá na ráitis agus na conclúidí ar tháinig an Rialaitheoir orthu maidir le hoibríochtaí fóiréinseacha a dhéanamh infheidhme freisin maidir le forálacha ábhartha GIPanna 2026.

([53]) Féach breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 26 Meitheamh 2019, *Vialto Consulting v an Coimisiún*, T-617/17, ECLI:EU:T:2019:446, mír 67 (nár foilsíodh). I mbuntéacs na Fraincise: *'En outre, ainsi que le fait valoir la Commission à juste titre, l'article 7, paragraphe 1, du règlement nº 2185/96 ne saurait être interprété d'une manière telle qu'il autorise la personne ou l'entité contrôlée à déterminer elle-même les données pertinentes aux fins d'une enquête de l'OLAF'*.

Bhí fadhb ag an dá ghearánach maidir leis an bhfad a choinnigh OLAF a ghairis faoi úinéireacht phríobháideach lena n-aghaidh. Sa dá chás, trína rochtain speisialta ar an gcáschomhad, **dheimhnigh an Rialaitheoir gur choinnigh OLAF na gairis ar feadh an ama is gá chun an fháil sonraí a chur i gcrích**. Mar sin féin, chuir an Rialaitheoir in iúl go raibh fóin phóca ag éirí uilíoch agus lárnach i saol laethúil na ndaoine agus d'iarr sé ar OLAF machnamh a dhéanamh air sin. Seachas a bheith díreach ina ngairis chumarsáide, d'fheidhmigh fóin chliste anois, mar shampla, mar gheataí chuig córais bhaincéireachta agus íocaíochta, córais slándála baile, acmhainní gairmiúla, pasanna iompair, feidhmchláir cúraim sláinte, agus fiú suíomh agus sábháilteacht leanaí. Dá bhrí sin, dá ndiúltófaí rochtain ar na gairis sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar níos mó aige sin ar réimse pearsanta an duine lena mbaineann ná mar a bhí aige roinnt blianta ó shin. Cé nach raibh sé díréireach sa chás áirithe gaireas an ghearánaigh féin a fháil go príobháideach, mhol an Rialaitheoir do OLAF a bheith aireach ar an gcás sin agus a áirithiú i gcónaí nár coinníodh fóin phóca phearsanta ach amháin ar feadh an ama a bhí fíor-riachtanach chun críocha an imscrúdaithe.

Sa dá chás, mheas an Rialaitheoir an méid seo a leanas maidir le gníomhaíochtaí imscrúdaitheacha agus oibríochtaí fóiréinsice digití OLAF: (i) go ndearnadh iad de réir an dlí; (ii) gurbh é ab aidhm dhlisteanach dó imscrúdú a dhéanamh ar líomhaintí maidir le mí-iompar a d'fhéadfadh a bheith déanta ag na gearánaigh; agus (iii) go raibh siad i gcomhréir le raon feidhme agus cuspóir an imscrúdaithe sa mhéid go raibh gá leo chun na líomhaintí a chruthú nó a bhréagnú. Dá bhrí sin, chinn an Rialaitheoir gur ghníomhaigh OLAF i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme agus leis an nós imeachta a leagtar amach sna DFPanna, agus laistigh de raon feidhme an imscrúdaithe. Dá bhrí sin, **níor aimsigh an Rialaitheoir aon sárú ar phrionsabal an riachtanais agus na comhréireachta** sna hoibríochtaí fóiréinsice digití a rinne OLAF.

5.3. **Na teangacha a úsáidtear**

I gcás amháin, iarradh ar an Rialaitheoir a mheas an raibh sé de cheart ag duine a raibh baint aige le himscrúdú inmheánach, ar bhall foirne den Aontas é ([54]), a iarraidh go soláthrófaí faisnéis nó teachtaireachtaí a sheol OLAF i gceann dá theangacha oibre (Béarla) ina mháthairtheanga freisin.

Mar a luaigh an Rialaitheoir roimhe seo ([55]), níl feidhm ag an oibleagáid atá ar institiúidí an Aontais faoi Airteagal 41(4) den Chairt comhfhreagras a dhéanamh le saoránaigh ina dteanga roghnaithe ach amháin maidir leis an gcaidreamh idir institiúidí an Aontais agus saoránaigh, seachas foireann an Aontais. Bhíothas ag súil go mbeadh sáreolas ar an mBéarla ag an ngearánach, ós rud é gur seirbhíseach poiblí den Aontas é. Bhí an Béarla ar cheann de theangacha oibre an ghearánaigh freisin.

Mar a leagtar síos i gcásdlí Chúirteanna an Aontais Eorpaigh ([56]), **ní ceart absalóideach é d'fhoireann an Aontais é an ceart chun an teanga is rogha leat a úsáid** ós rud é nach mór d'institiúidí an Aontais feidhmiú go rianúil. Mar thoradh air sin, chinn an Rialaitheoir nár sháraigh diúltú OLAF na haistriúcháin a iarradh a sholáthar cearta nós imeachta an ghearánaigh.

6. **Socruithe Oibre idir an Rialaitheoir agus OLAF a ghlacadh**

Cloch mhíle thábhachtach sa chomhar idir OLAF agus an Rialaitheoir ab ea síniú na Socruithe Oibre ag an Uasal Ville Itälä, iar-Ardstiúrthóir OLAF, agus ag an Dr Julia Laffranque. **Tháinig na socruithe i bhfeidhm an 18 Iúil 2025** agus tá siad le fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin an Rialaitheora ([57]).

Tugann na Socruithe Oibre níos mó soiléireachta maidir le láimhseáil an tsásra gearán agus is ionstraim úsáideach iad chun comhar níos rianúla agus níos éifeachtaí fós le OLAF a áirithiú. Leis na socruithe, déantar na cleachtais sheanbhunaithe a threoraigh an comhar cuiditheach idir an dá Oifig cheana féin a chur ar bhonn foirmiúil agus a chódú. I ndáil leis sin, is díol sásaimh don Rialaitheoir an t-idirphlé cuiditheach le OLAF le linn an phróisis dréachtaithe, rud a chuir ar chumas an téacs sainorduithe, róil agus riachtanais oibríochtúla an dá pháirtí faoi seach a léiriú go cruinn.

([54]) Cuimsítear le 'foireann an Aontais' oifigigh de chuid an Aontais agus seirbhísigh eile atá fostaithe ar conradh ag an Aontas (mar shampla foireann shealadach, foireann ar conradh, foireann áitiúil, comhairleoirí speisialta agus cúntóirí parlaiminteacha creidiúnaithe).

([55]) Féach Tuarascáil Gníomhaíochtaí Rialaitheoir na Ráthaíochtaí Nós Imeachta le haghaidh 2023, *op. cit.*, foroinn 4.4.5.

([56]) Féach breithiúnas an 21 Deireadh Fómhair 2009, *V* v *an Coimisiún*, Cás F-33/08, ECLI:EU:F:2009:141, míreanna 170-171.

([57]) Féach fonóta 10.

Agus lánurraim á tabhairt don chreat dlíthiúil is infheidhme agus do neamhspleáchas OLAF agus an Rialaitheora araon, sonraítear leis na Socruithe Oibre gnéithe ábhartha sa phróiseas láimhseála gearán. Áirítear leo sin: (i) an nós imeachta atá le leanúint tar éis gearán a fháil agus an chéad phróiseáil a dhéantar air; (ii) na gníomhaíochtaí bailithe faisnéise atá ar fáil don Rialaitheoir; (iii) an t-idirdhealú idir cuirí chun gearán a réiteach faoi Airteagal 9b(3) agus moltaí an Rialaitheora faoi Airteagal 9b(5) de Rialachán OLAF; (iv) ríomh na dteorainneacha ama ábhartha; agus (v) an nós imeachta atá le leanúint nuair a thagann OLAF nó an Rialaitheoir ar an eolas faoi imeachtaí dlíthiúla a thionscnamh nó faoi fhiosrúcháin arna ndéanamh ag an Ombudsman Eorpach nó ag EDPS ar fhíorais a ardaíodh i ngearán.

Baineann forálacha eile de na Socruithe Oibre le rochtain ar fhaisnéis a bhaineann le cásanna i gcóras bainistíochta cáis OLAF, córas a bhfuil rochtain speisialta ag an Rialaitheoir air faoi Airteagal 8(1) agus (2) de na Forálacha Cur Chun Feidhme. Soiléirítear an méid seo a leanas leis na Socruithe Oibre freisin: (i) oibleagáidí faisnéise OLAF i leith an Rialaitheora maidir le gearáin a láimhseáil; (ii) an nós imeachta a bheidh le leanúint nuair a thabharfar rochtain leictreonach don Rialaitheoir agus don Rúnaíocht ar fhaisnéis a bhaineann le cásanna san OCM; agus (iii) socruithe malartacha maidir le rochtain an Rialaitheora ar fhaisnéis a bhaineann le cásanna.

Mar a leagtar amach a thuilleadh sa Tuarascáil Gníomhaíochtaí, leis na Socruithe Oibre cuireadh ar bhonn foirmiúil freisin oibleagáid an Rialaitheora rúndacht imscrúduithe OLAF a áirithiú agus gearáin á láimhseáil. Ina theannta sin, tugtar aghaidh leis na Socruithe Oibre ar chásanna ina bhféadfaidh gearánach rochtain a iarraidh ar cháschomhad an ghearáin, chomh maith le próiseáil iarrataí ar rochtain phoiblí ar dhoiciméid atá i seilbh an Rialaitheora faoi Rialachán (CE) 1049/2001 ([58]) agus na rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin, atá i gceangal le Rialacha Nós Imeachta an Choimisiúin ([59]).

7. **Comhairliúchán maidir leis an meastóireacht ar Rialachán OLAF**

Le hAirteagal 9b(9) de Rialachán OLAF, foráiltear go bhféadfaidh Ard-Stiúrthóir OLAF ‘tuairim an Rialaitheora a iarraidh maidir le haon ábhar a bhaineann le ráthaíochtaí nós imeachta nó cearta bunúsacha a thagann faoi réim shainordú an Rialaitheora’.

Ar an mbonn sin, an 15 Meán Fómhair 2025, d’iarr Ard-Stiúrthóir OLAF go foirmiúil tuairim an Rialaitheora maidir le forálacha Rialachán OLAF a bhaineann le ráthaíochtaí nós imeachta agus cearta bunúsacha a thagann faoi shainordú an Rialaitheora. Bhí sé sin i gcomhthéacs mheastóireacht an Choimisiúin ar chur i bhfeidhm agus tionchar an Rialacháin faoi Airteagal 19(1) de Rialachán OLAF.

D’fháiltigh an Rialaitheoir roimh an deis dul i gcomhairle léi maidir leis an ábhar tábhachtach seo agus bhain sí leas as an taithí shubstaintiúil a fuarthas le linn a sainordaithe ([60]). Ina tuairim, chuir sí **31 thogra** ar aghaidh le haghaidh feabhais i réimsí inar léirigh cleachtas go raibh gá le coimircí níos soiléire, níos láidre nó níos éifeachtaí ([61]).

Bhí an tuairim bunaithe ar shé phríomhréimse: (i) cearta bunúsacha agus ráthaíochtaí nós imeachta (tograí 1-12); (ii) an sásra gearán (tograí 13-19); (iii) feidhm an Rialaitheora (tograí 20-25); (iv) caidreamh idir an Rialaitheoir agus Ard-Stiúrthóir OLAF (togra 26); (v) caidreamh idir an Rialaitheoir agus an Coiste Maoirseachta (tograí 27-30); agus (vi) caidreamh le páirtithe leasmhara eile (togra 31) (Fíor 9).

([58]) Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).


([59]) Féach Cinneadh (AE) 2024/3080 ón gCoimisiún an 4 Nollaig 2024 lena mbunaítear Rialacha Nós Imeachta an Choimisiúin agus lena leasaítear Cinneadh C(2000) 3614 (IO L, 2024/3080, 5.12.2024).

([60]) Faoi dheireadh 2025, láimhseáil an Rialaitheoir 73 ghearán san iomlán ó thús a sainordaithe.

([61]) Féach Tuairim an Rialaitheora maidir leis an meastóireacht ar fheidhmiú agus tionchar Rialachán 883/2013, *op. cit*.

Fíor 9

An líon tograí a chuir an Rialaitheoir ar aghaidh sa Tuairim maidir leis an meastóireacht ar chur i bhfeidhm agus ar tionchar Rialachán OLAF



Leis na tograí maidir le cearta bunúsacha agus ráthaíochtaí nós imeachta, arb iad na cinn is líonmhaire iad, tugtar aghaidh ar an méid seo a leanas: (i) easpa tagartha sainráite don Chairt in Airteagail 9 agus 9b(1) de Rialachán OLAF; (ii) an gá atá le soiléireacht maidir leis an uair a fhaigheann duine aonair nó oibreoir eacnamaíoch stádas an duine lena mbaineann; (iii) cearta na ndaoine lena mbaineann imscrúdú inmheánach agus seachtrach a chomhionannú a mhéid is féidir; (iv) an gá atá le faisnéis a sholáthar i scríbhinn maidir le ráthaíochtaí nós imeachta agus cearta bunúsacha na ndaoine lena mbaineann; (v) prionsabal na cothroime nach mór d'fhoireann OLAF a urramú, i gcomhréir leis na caighdeáin ghairmiúla is airde; (vi) neartú an chirt chun éisteacht a fháil; (vii) neartú an chirt chun bheith curtha ar an eolas; agus (viii) an easpa soiléireachta maidir leis an stádas, na cearta agus na ráthaíochtaí nós imeachta a thugtar do sceithirí faoin Treoir maidir le Sceithireacht ([62]), d'fhaisnéiseoirí faoi Airteagal 22a de na Rialacháin Foirne ([63]) agus d'fhoinsí eile faisnéise agus d'íospartaigh mí-iompair a thagann faoi shainordú imscrúdaitheach OLAF ([64]).

Baineann na réimsí a d'fhéadfaí a fheabhsú sa sásra gearán a shainaithnítear sa Tuairim leis an méid seo a leanas: (i) raon feidhme pearsanta, ábhartha agus ama na gceanglas inghlacthachta; (ii) gan nós imeachta athbhreithnithe a bheith ann le haghaidh cinntí inghlacthachta; (iii) an cheist an bhféadfadh éifeacht fionraíochta a bheith ag gearáin nó ar cheart éifeacht fionraíochta a bheith acu; (iv) láimhseáil gearán a ardaíonn saincheisteanna atá ar feitheamh os comhair na gcúirteanna; agus (v) na hiarmhairtí dlíthiúla a bhaineann le cinneadh hipitéiseach ó Ard-Stiúrthóir OLAF gan moladh arna eisiúint ag an Rialaitheoir faoi Airteagal 9b(5) de Rialachán OLAF a leanúint.

Mar is amhlaidh go minic nuair a thugtar isteach athchóirithe institiúideacha móra, bhí débhrí choincheapúil áirithe fós ann go dtí an lá atá inniu ann ag gabháil le cruthú fheidhm an Rialaitheora le Rialachán 2020/2223. Sin é an fáth a gcuirtear tograí ar aghaidh sa Tuairim chun aghaidh a thabhairt ar an débhrí a bhaineann le neamhspleáchas an Rialaitheora vis-à-vis an Coiste Maoirseachta agus stádas riaracháin an Rialaitheora, chomh maith leis an ngá atá le soiléiriú i Rialachán OLAF ar ról déach na Rúnaíochta, lena soláthraítear tacaíocht dhlíthiúil agus riaracháin do Choiste Maoirseachta OLAF agus don Rialaitheoir araon.

Ina theannta sin, áitítear leis an Tuairim, dá n-áireofaí bunús dlí i Rialachán OLAF don Rialaitheoir chun tuairimí féintionscnaimh a eisiúint chuig Ard-Stiúrthóir OLAF, go gcuirfí luach agus trédhearcacht lena cinntí agus lena *obiter dicta* agus go rannchuideofaí ar an iomlán le feidhmiú éifeachtach shainordú an Rialaitheora.

([62]) Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch. 17).

([63]) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 lena leasaítear Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh (IO L 287, 29.10.2013, lch. 15).

([64]) Féach breithiúnas an 6 Meitheamh 2019, *Dalli* v *an Coimisiún*, T-399/17, ECLI:EU:T:2019:384, arna dhearbhú le breithiúnas an 25 Feabhra 2021, *Dalli* v *an Coimisiún*, C-615/19P, ECLI:EU:C:2021:133.

Cé go bhfuil aidhmeanna comhlántacha ag an Rialaitheoir agus ag an gCoiste Maoirseachta agus go saothraíonn siad cuspóirí coiteanna, is feidhmeanna agus comhlachtaí ar leith iad, agus gach ceann acu ag feidhmiú ar bhonn cothrom laistigh de raon feidhme a sainorduithe faoi seach. Dá réir sin, chun neamhspleáchas an Rialaitheora a neartú, moltar leis an Tuairim Rialachán OLAF a leasú sa chaoi go *gcuirfidh* sí an Coiste Maoirseachta *ar an eolas*, in ionad tuairisciú nó comhairliúchán a dhéanamh, faoi aon saincheist shistéamach a thuairiscítear d'Ard-Stiúrthóir OLAF trí bhíthin tuairime, chomh maith le haon mholadh atá dírithe ar Ard-Stiúrthóir OLAF nó aon athbhreithniú ar na Forálacha Cur Chun Feidhme.

Ar deireadh, maidir leis an gcaidreamh le páirtithe leasmhara eile, moltar leis an Tuairim go leasófaí Airteagal 16 de Rialachán OLAF chun foráil a dhéanamh go sainráite maidir le rannpháirtíocht an Rialaitheora sa mhalartú tuairimí idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún. Dar leis an Rialaitheoir, chuideodh an leasú seo le feasacht a mhúscailt maidir leis na cineálacha líomhaintí a dhéantar faoin sásra gearán agus sholáthródh sé infheictheacht níos fearr maidir leis an gcaoi a ndéileálann OLAF le ráthaíochtaí nós imeachta agus le cearta bunúsacha na ndaoine lena mbaineann.

Seoladh an tuairim chuig Ard-Stiúrthóir OLAF an 27 Feabhra 2026, agus cuirfear i gceangal í leis an aighneacht ón gCoimisiún chuig na comhreachtóirí. **Tá muinín ag an Rialaitheoir go dtairbheoidh an mheastóireacht agus an t-athbhreithniú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar Rialachán OLAF go mór de chur chun feidhme na mbarúlacha a cuireadh i láthair ina Tuairim**.

8. **Obair leantach ar ghlacadh na GIPanna nua**

I mí na Samhna 2023, i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar na GIPanna, iarradh ar an Rialaitheoir a tuairim a thabhairt ar aon ábhar a bhaineann le ráthaíochtaí nós imeachta nó cearta bunúsacha a tháinig faoina sainordú. Sheol an Rialaitheoir a tuairim chuig OLAF i mí an Mheithimh 2024. Foilsíodh an leagan leasaithe de thuairim an Rialaitheora maidir leis na GIPanna ar a suíomh gréasáin i mí Iúil 2025 ([65]).

Ina tuairim, rinne an Rialaitheoir cúig phríomhráiteas maidir leis an méid seo a leanas:

(i) An gá atá le raon feidhme soiléir agus dea-shainithe d'imscrúduithe OLAF.

(ii) Stádas duine mar dhuine lena mbaineann a chlárú go tráthúil sa cháschomhad i gcás ina bhfuil sé ainmnithe cheana féin sa Chinneadh Tosaigh.

(iii) An gá atá ann na daoine lena mbaineann a chur ar an eolas gur ann don sásra gearán faoi Airteagal 9b agus faoi na teorainneacha ama is infheidhme chun gearán a thaisceadh.

(iv) An soiléiriú gur dhá chéim ar leith sa sásra gearán atá sa chuireadh chun gearán a réiteach faoi Airteagal 9b(3) agus i moladh an Rialaitheora faoi Airteagal 9b(5).

(v) A thábhachtaí atá sé, mar ábhar dea-chleachtais riaracháin, a áirithiú go léireofar go cuí sa Tuarascáil Chríochnaitheach barúlacha arna gcur isteach ag daoine lena mbaineann. I ndáil leis sin, mhol an Rialaitheoir cur chuige carnach ina mbeadh na céimeanna seo a leanas: (a) barúlacha an duine lena mbaineann a chur i gceangal leis an Tuarascáil Chríochnaitheach maidir leis na fíorais a bhaineann leis an duine sin; (b) i gcás inar gá, tuairisc a thabhairt ar na barúlacha sin sna codanna ábhartha comhfhreagracha den Tuarascáil Chríochnaitheach; agus (c) míniú a thabhairt ar an gcaoi ar chuir OLAF na barúlacha sin san áireamh nó, i gcás inarb iomchuí, ar an bhfáth ar measadh iad a bheith gan bhunús nó neamhábhartha.

Glacadh an leagan deiridh de na GIPanna athbhreithnithe i mí na Samhna 2025 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 2026. Ar an iomlán, **is díol sásaimh don Rialaitheoir gur glacadh na GIPanna nua agus tugann sí dá haire agus is díol sásaimh di gur chuir OLAF an chuid is mó dá barúlacha san áireamh agus gur léiríodh iad i bhforálacha na GIPanna nua, go háirithe Airteagail 21(1), 37(2), 37(3), 66(2), 66(3) agus 72(3)** (Fíor 10).

Is díol sásaimh don Rialaitheoir ar dtús ionchorprú sainráite a céad ráitis in Airteagal 21(1) de na GIPanna maidir le raon feidhme an cháis. Tá an leasú dearfach, sa mhéid is go sonraítear leis go ndéanfar raon feidhme an imscrúdaithe '*a shainiú go soiléir i gcónaí sa chinneadh tosaigh*'.

([65]) Féach an leagan folaithe de Thuairim an Rialaitheora maidir leis na dréacht-Treoirlínte maidir le Nósanna Imeachta Imscrúdaithe (GIPanna), atá le fáil ag: https://supervisory-committee-olaf.europa.eu/document/download/4f655d63-4b02-40df-8b93-038c44f1bb2e_en?filename=Opinion%20of%20the%20Controller%20on%20draft%20GIPs_redacted%20final.pdf.

Tugann an Rialaitheoir dá haire go dearfach na soiléirithe a cuireadh isteach in Airteagal 37(2) de na GIPanna, arna léamh in éineacht le hAirteagal 28(1), lena dtugtar aghaidh ar an bpríomhábhar imní maidir leis an uair a shainaithnítear stádas an duine lena mbaineann. Foráiltear le hAirteagal 37(2) gur cheart an duine aonair nó an t-eintiteas dlítheanach atá ainmnithe mar dhuine lena mbaineann sa chinneadh tosaigh a chlárú sa chóras bainistíochta cáis laistigh de mhí amháin ón gcinneadh tosaigh. Is é is aidhm do thabhairt isteach an sprioc-ama sin moilleanna a sheachaint maidir le sainaithint an duine lena mbaineann, ar moilleanna iad a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar a cheart go gcuirfí ar an eolas é faoi Airteagal 9(3) de Rialachán OLAF. Thairis sin, i gcomhthéacs imscrúduithe inmheánacha, áirithítear le hAirteagal 28(1) de na GIPanna go gcuirtear duine a shainaithnítear mar dhuine lena mbaineann i gcinneadh tosaigh ar an eolas dá réir sin freisin (agus go dtugtar fógra dó freisin faoi raon feidhme an imscrúdaithe a mhéid a bhaineann sé leo), ar choinníoll nach ndéanann an fhaisnéis sin dochar do sheoladh an imscrúdaithe.


Thug an Rialaitheoir faoi deara freisin go ndearnadh an tríú ráiteas uaithi maidir leis an bhfaisnéis atá le soláthar do na daoine lena mbaineann ([66]) a chur chun feidhme in Airteagal 2(2) de na Socruithe Oibre agus in Airteagal 37(4) de na GIPanna. Ar an gcéad dul síos, sonraítear leis na Socruithe Oibre, nuair a fhaigheann OLAF gearán atá beartaithe don Rialaitheoir, go gcuirfidh OLAF '*an gearánach ar an eolas faoi nós imeachta shásra an ghearáin agus faoi na sprioc-amanna dochta inghlacthachta chun gearán a thaisceadh leis an Rialaitheoir*'. Ar an dara dul síos, i measc na ráthaíochtaí nós imeachta a thugtar do dhaoine lena mbaineann nach mór do OLAF a chomhlíonadh, liostaítear le hAirteagal 37(4)(e) de na GIPanna '*an ceart gearán a thaisceadh le Rialaitheoir na ráthaíochtaí nós imeachta*'.

Tugann an Rialaitheoir dá haire, agus is díol sásaimh di, an tagairt shoiléir a tugadh isteach sna GIPanna don dá bhunús dlí ar leith le haghaidh chuirí an Rialaitheora gearán a réiteach agus le haghaidh mholtaí an Rialaitheora. Tagraítear anois le hAirteagal 66(2) de na GIPanna d'iarraidh an Rialaitheora an gearán a réiteach de bhun Airteagal 9b(3) de Rialachán OLAF, agus tagraítear le hAirteagal 66(3) do mholadh an Rialaitheora gearán a réiteach de bhun Airteagal 9b(5) de Rialachán OLAF. Tugann an deighilt sin níos mó soiléireachta do ghearánaigh maidir le tuiscint a fháil ar chéimeanna ar leithligh an tsásra gearán.

Is díol sásaimh don Rialaitheoir freisin gur cuireadh a barúlacha maidir leis an gcaoi ar cheart do OLAF barúlacha na ndaoine lena mbaineann a ionchorprú sa Tuarascáil Chríochnaitheach sna GIPanna nua. Freastalaíonn Airteagal 72(3) de na GIPanna nua ar bhunbhrí a molta, gan an cur chuige carnach atá molta a leanúint go docht. Ceanglaítear anois leis na GIPanna go ndéanfar cur síos ar bharúlacha an duine lena mbaineann agus go mbeidh measúnú OLAF orthu ag gabháil leo agus ina theannta sin go ndéanfar foráil maidir leis na barúlacha a chur i gceangal leis an Tuarascáil Chríochnaitheach. Cé go leagtar amach leis na GIPanna eisceachtaí ón iarscríbhinn seo mar thoradh ar rúndacht, cosaint ceart nós imeachta nó imscrúduithe eile a dhéanamh, is é tuairim an Rialaitheora gur cheart na heisceachtaí sin a léirmhíniú go sriantach, ós rud é go bhfuil dlúthbhaint acu leis na ráthaíochtaí nós imeachta le haghaidh an duine lena mbaineann. Thairis sin, measann an Rialaitheoir, nuair nach gcuirtear barúlacha a bhaineann le gnéithe ríthábhachtacha de na réamhthorthaí san áireamh sa Tuarascáil Chríochnaitheach, gur cheart go léireodh measúnú OLAF an réasúnaíocht gan é sin a dhéanamh.

Fíor 10

Cur chun feidhme bharúlacha an Rialaitheora ón Tuairim maidir leis na dréacht-GIPanna



([66]) Féach Leagan leasaithe de Thuairim an Rialaitheora maidir leis na dréacht-GIPanna, *op. cit.*, an tríú ráiteas.

Ina theannta sin, is mór ag an Rialaitheoir go dearfach na **leasuithe a tugadh isteach in Airteagail 37(4), 37(5) agus 80(1), ar leasuithe iad a eascraíonn as láimhseáil an tsásra gearán**. Léiríonn na modhnuithe sin na torthaí a fuarthas le linn na chéad bhliana dá gníomhaíochtaí, chomh maith le *obiter dicta* ó roinnt dá cinntí, agus tá siad ailínithe le cuid de na tograí a cuireadh chun cinn ina Tuairim maidir le cur i bhfeidhm agus tionchar Rialachán OLAF ([67]).

Le linn na chéad bhliana dá gníomhaíochtaí, chinn an Rialaitheoir gur sáraíodh ceart an ghearánaigh go gcuirfí ar an eolas é faoi dhúnadh imscrúdú OLAF gan torthaí ina aghaidh. Faoi Airteagal 11(7) de Rialachán OLAF, tá oibleagáid shoiléir ar OLAF an duine lena mbaineann a chur ar an eolas, laistigh de 10 lá oibre ón gcinneadh imscrúdú a dhúnadh nár aimsíodh aon fhianaise ina aghaidh. Nuair a bhí an t-imscrúdú críochnaithe, níor aimsigh OLAF aon fhianaise in aghaidh an ghearánaigh. Mar sin féin, níor chuir OLAF an gearánach ar an eolas ar bhealach aonchiallach. Sa chás áirithe sin, níor chuir an Rialaitheoir togra ar aghaidh le haghaidh réitigh ós rud é go bhfuair an gearánach rochtain ar an Tuarascáil Chríochnaitheach agus an gearán á phróiseáil, rud a d'fhág gurbh eol dó nár aimsíodh aon fhianaise ina aghaidh. Mar sin féin, mheabhraigh an Rialaitheoir do OLAF gur sárú tromchúiseach é sin agus d'iarr sé ar OLAF aird ar leith a thabhairt ar chásanna comhchosúla amach anseo ([68]). I bhfianaise an mhéid sin, is díol sásaimh don Rialaitheoir gur tugadh isteach in Airteagal 37(5) de na GIPanna na modhanna éagsúla cumarsáide atá ar fáil d'aonaid imscrúdúcháin chun a áirithiú go dtabharfar fógra éifeachtach do na daoine lena mbaineann maidir le himscrúdú a thionscnamh, maidir leis an deis barúil a thabhairt agus maidir le himscrúdú a dhúnadh.

Thairis sin, cuireann an Rialaitheoir i dtábhacht go léirítear go soiléir le hAirteagal 37(4) de na GIPanna na ráthaíochtaí nós imeachta is infheidhme maidir le daoine lena mbaineann nach mór d'fhoireann OLAF a chomhlíonadh agus imscrúduithe á ndéanamh acu, go háirithe:

(i) an ceart féin-ionchoiriú a sheachaint;

(ii) an ceart cúnamh a fháil ó dhuine dá rogha féin le linn agallamh, cigireachtaí agus seiceálacha ar an láthair;

(iii) fógra a thabhairt maidir le himscrúdú a oscailt agus a dhúnadh;

(iv) an ceart chun gearán a dhéanamh leis an Rialaitheoir.

Tá an chéad dá cheart ailínithe le cinntí an Rialaitheora dá dtagraítear i Roinn 5.1.1 den Tuarascáil Gníomhaíochtaí seo. Baineann an fógra maidir le himscrúdú a oscailt agus a dhúnadh, faoi seach, le barúlacha an Rialaitheora maidir le clárú an duine lena mbaineann sa OCM ([69]) agus leis na hábhair imní a chuir an Rialaitheoir in iúl faoin dearbhthréimhse teorann míosa is infheidhme maidir le himscrúduithe dúnta faoi Airteagal 9b(2) de Rialachán OLAF ([70]). Baineann an ceart chun gearán a thaisceadh leis an Rialaitheoir, mar a luaitear thuas, leis an ráiteas a rinne an Rialaitheoir ina tuairim maidir leis na dréacht-GIPanna i ndáil leis an bhfaisnéis atá le soláthar do na daoine lena mbaineann ([71]).

Ar deireadh, tugann an Rialaitheoir faoi deara go bhforáiltear anois le hAirteagal 80(1) '*go gcuirfear an duine lena mbaineann ar an eolas faoi chinneadh an Ard-Stiúrthóra an t-imscrúdú a dhúnadh, ach amháin má dhéanann sé dochar do chur chun feidhme moltaí, nó má tá feidhm ag ceanglais rúndachta*'. Sonraítear leis an bhforáil freisin '[g]*o n-áirítear leis sin dáta deiridh an imscrúdaithe a léiriú*'. I ndáil leis sin, códaítear leis na GIPanna an dea-chleachtas riaracháin a d'fhorbair OLAF maidir le dul thar an íoscheanglas a leagtar amach in Airteagal 11(7) de Rialachán OLAF, nach gceanglaítear leis ach go gcuirfear an duine lena mbaineann ar an eolas laistigh de 10 lá oibre ó imscrúdú a dhúnadh i gcás nár aimsíodh aon fhianaise ina n-aghaidh. Mhol an Rialaitheoir an dea-chleachtas riaracháin sin san am a chuaigh thart agus tá sé i gcomhréir leis na tograí a rinne an Rialaitheoir faoi chuimsiú na meastóireachta ar Rialachán OLAF ([72]).

([67]) Féach Tuairim an Rialaitheora maidir leis an meastóireacht ar fheidhmiú agus tionchar Rialachán 883/2013, *op. cit*.

([68]) Féach Tuarascáil Gníomhaíochtaí Rialaitheoir na ráthaíochtaí nós imeachta le haghaidh 2022, *op. cit.*, foroinn 3.5.2. Féach *freisin* Tuarascáil Gníomhaíochtaí Rialaitheoir na gcoimircí nós imeachta le haghaidh 2024, *op. cit.*, Roinn. 5.5.

([69]) Féach Leagan leasaithe de Thuairim an Rialaitheora maidir leis na dréacht-GIPanna, *op. cit.*, an dara ráiteas.

([70]) Féach Tuairim an Rialaitheora maidir leis an meastóireacht ar fheidhmiú agus tionchar Rialachán 883/2013, *op. cit.*, tograí 9 agus 16. Féach *freisin* Tuarascáil Gníomhaíochtaí Rialaitheoir na Ráthaíochtaí Nós Imeachta le haghaidh 2022, *op. cit.*, foroinn 3.3.1.; Tuarascáil Gníomhaíochtaí Rialaitheoir na Ráthaíochtaí Nós Imeachta le haghaidh 2023, *op. cit.*, Roinn 4.1; agus Tuarascáil Gníomhaíochtaí Rialaitheoir na Ráthaíochtaí Nós Imeachta le haghaidh 2024, *op. cit.*, Roinn 4.1.

([71]) Féach Leagan leasaithe de Thuairim an Rialaitheora maidir leis na dréacht-GIPanna, *op. cit.*, an tríú ráiteas.

([72]) Féach Tuairim an Rialaitheora maidir leis an meastóireacht ar fheidhmiú agus tionchar Rialachán 883/2013, *op. cit.*, togra 9.

9. **Caidreamh leis na páirtithe leasmhara**

Measann an Rialaitheoir go bhfuil sé tábhachtach teagmháil rialta a choinneáil le hinstitiúidí an Aontais Eorpaigh, le hArd-Stiúrthóir OLAF agus le páirtithe leasmhara eile chun aiseolas a fháil faoi ról an Rialaitheora agus, ar deireadh, chun feabhas a chur ar chosaint ráthaíochtaí nós imeachta agus chearta bunúsacha na ndaoine lena mbaineann in imscrúduithe arna ndéanamh ag OLAF.

An 11 Meán Fómhair 2025, chuir an Rialaitheoir an Tuarascáil Gníomhaíochtaí le haghaidh 2024 faoi bhráid **Mheitheal na Comhairle um Chomhrac na Calaoise** agus bhí malartú tuairimí aici lena comhaltaí maidir lena ról agus maidir le ráthaíochtaí nós imeachta a chosaint dóibh siúd atá faoi imscrúdú ag OLAF. Chuir sí a Tuarascáil Gníomhaíochtaí le haghaidh 2024 faoi bhráid **Choiste Pharlaimint na hEorpa um Rialú Buiséadach** an 16 Deireadh Fómhair 2025.

Choinnigh an Rialaitheoir **malartuithe rialta agus caidreamh oibreachais tairbheach ar bun le hArd-Stiúrthóir OLAF** chomh maith, bunaithe ar mhuinín fhrithpháirteach agus ar dhea-chomhar. Sampla tábhachtach amháin ab ea an cruinniú a thionóil an Rialaitheoir an 16 Deireadh Fómhair 2025, in éineacht le comhaltaí na Rúnaíochta, le **Salla Saastamoinen** (Ard-Stiúrthóir gníomhach OLAF ag an am) agus le **baill foirne Aonad Comhairle Dlí agus Fhoireann Athbhreithnithe OLAF** chun an sásra gearán a phlé. Deis úsáideach a bhí sa chruinniú sin machnamh a dhéanamh ar an taithí a fuarthas le linn na chéad bhlianta de ghníomhaíocht an Rialaitheora agus ar bhealaí chun feabhas a chur ar na coimircí do ráthaíochtaí nós imeachta agus do chearta bunúsacha na ndaoine lena mbaineann in imscrúduithe OLAF.

10. **Tacaíocht riaracháin agus dhlíthiúil**

D'fhonn úsáid éifeachtúil a bhaint as acmhainní, le Rialachán OLAF cuireadh de chúram ar Rúnaíocht an Choiste Maoirseachta tacaíocht dhlíthiúil agus riaracháin a thabhairt don Rialaitheoir.

Tá údar breise leis an rogha sin mar gheall ar chomhlántacht na misean agus ar na spriocanna coiteanna atá á saothrú ag an Rialaitheoir agus ag an gCoiste Maoirseachta. Áirithíonn an Rúnaíocht leanúnachas, cumarsáid leanúnach agus comhar rianúil le gearánaigh agus le OLAF araon.

Chuir foireann thiomnaithe de bhaill foirne ardcháilithe laistigh den Rúnaíocht, ag gníomhú di faoi stiúir Cheann na Rúnaíochta, comhairle agus cúnamh luachmhar ar fáil don Rialaitheoir, agus sicréideacht ghairmiúil agus rúndacht á n-urramú an tráth céanna.

Ina Tuairim maidir le meastóireacht agus cur i bhfeidhm Rialachán OLAF, chinn an Rialaitheoir gur cheart athbhreithniú a dhéanamh ar cheangal riaracháin reatha na Rúnaíochta leis an Oifig um Riar agus Íoc Teidlíochtaí Indibhidiúla, ar a dtugtar Oifig an Phámháistir ('PMO') freisin ([73]). Ós rud é nach bhfuil stádas agus feidhmeanna na Rúnaíochta ag teacht le croí-mhisean PMO, measann an Rialaitheoir gur gá suíomh eagraíochtúil níos iomchuí agus níos comhsheasmhaí ó thaobh feidhme a shainaithint don Rúnaíocht atá ag teacht níos fearr lena sainordú agus a neamhspleáchas á ráthú san am céanna. I ndáil leis sin, measann sí go bhféadfaí áit níos oiriúnaí a aimsiú, mar shampla, laistigh d'Ardrúnaíocht an Choimisiúin nó den Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí.

Tar éis imeacht an Chinn Rúnaíochta i mí Feabhra 2025, ghlac an comhalta is sinsearaí den Rúnaíocht ceannasaíocht ghníomhach air féin ó mhí an Mhárta 2025. Tugadh earcú Cinn Aonaid nua chun críche go luath in 2026, agus ceapadh an Ceann Aonaid nua an 1 Aibreán 2026.

Tugadh cuireadh don Rialaitheoir páirt a ghlacadh mar bhreathnóir sa phróiseas roghnúcháin don Cheann Aonaid nua mar chúirtéis institiúideach. Mar sin féin, cuireann an Rialaitheoir i dtábhacht nach bhfuil aon fhoráil i Rialachán OLAF, cosúil leis an bhforáil don Choiste Maoirseachta ([74]), lena sonraítear nós imeachta foirmiúil chun dul i gcomhairle leis an Rialaitheoir agus lena leagtar amach an chaoi ar cheart don údarás ceapacháin tuairim an Rialaitheora a chur san áireamh agus foireann na Rúnaíochta á roghnú.

I bhfianaise ról dúbailte na Rúnaíochta maidir le tacú leis an gCoiste Maoirseachta agus leis an Rialaitheoir araon, is é tuairim an Rialaitheora go rachadh sé chun tairbhe don dá eintiteas a bheith rannpháirteach sa phróiseas earcaíochta ar bhonn cothrom agus go gcuirfí a dtuairimí san áireamh go cuí. Dá réir sin, d'iarr an Rialaitheoir ar na comhreachtóirí an tsaincheist sin a mheas i gcomhthéacs na meastóireachta reatha ar Rialachán OLAF agus an athbhreithnithe a d'fhéadfaí a dhéanamh air amach anseo ([75]).

([73]) Féach Tuairim an Rialaitheora maidir leis an meastóireacht ar fheidhmiú agus tionchar Rialachán Uimh. 883/2013, *op. cit.*, togra 24.
([74]) Féach Airteagal 15(8) de Rialachán OLAF.
([75]) Féach Tuairim an Rialaitheora maidir leis an meastóireacht ar fheidhmiú agus tionchar Rialachán Uimh. 883/2013, *op. cit.*, togra 22.

11. **Teagmháil a dhéanamh leis an Rialaitheoir agus gearán a chur isteach**

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Rialaitheoir trí ríomhphost nó tríd an bpost ag na seoltaí seo a leanas:

OLAF-FMB-Controller-Procedural-Guarantees@ec.europa.eu

Rialaitheoir na Ráthaíochtaí Nós Imeachta/Rúnaíocht Choiste Maoirseachta OLAF
Rue Joseph II, 30
B -1049 an Bhruiséil, an Bheilg

Chun gearán a chur faoi bhráid an Rialaitheora, iarrtar ar ghearánaigh an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) an fhoirm a líonadh isteach;

(ii) É a sheoladh trí ríomhphost nó tríd an bpost chuig na seoltaí thuas

Chun tuilleadh eolais a fháil, féach an suíomh gréasáin:

https://supervisory-committee-olaf.europa.eu/controller-procedural-guarantees_en

IARSCRÍBHINN

Tagairtí

Creat dlíthiúil

Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

Rialachán (AE, Euratom) 2020/2223 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, a mhéid a bhaineann le comhoibriú le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus éifeachtacht imscrúduithe na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (IO L 437, 28.12.2020, lch. 49).

Guidelines on investigation procedures for OLAF staff [Treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe le haghaidh fhoireann OLAF], an 11 Deireadh Fómhair 2021, Tag. Ares (2021)6071905 – 06/10/2021, le fáil ag: https://anti-fraud.ec.europa.eu/document/download/3dc10699-df07-4782-ae0d-232cd698286c_en?filename=gip_2021_en.pdf.

Guidelines on investigation procedures for OLAF staff [Treoirlínte maidir le nósanna imeachta imscrúdaithe le haghaidh fhoireann OLAF], 1 Eanáir 2026, Tag. Ares(2025)9710596 – 11/11/2025, le fáil ag: https://anti-fraud.ec.europa.eu/document/download/e1994c22-7d58-4e61-8d34-0937a0be8f98_en?filename=gips-2026_en.pdf.

Guidelines on investigation procedures for OLAF staff [Treoirlínte maidir le nósanna imeachta na fóiréinsice digití le haghaidh fhoireann OLAF], 15 Feabhra 2016, le fáil ag: https://anti-fraud.ec.europa.eu/document/download/87e5deb1-8a64-42ca-8e08-234355dbe544_en.

Working Arrangements between the European Anti-Fraud Office and the Controller of Procedural Guarantees [Socruithe Oibre idir an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise agus Rialaitheoir na Ráthaíochtaí Nós Imeachta], an 18 Iúil 2025, Tag. Ares(2025)6027144 – 24/07/2025, le fáil ag: https://supervisory-committee-olaf.europa.eu/document/download/ea81e700-4540-4ae6-b7ab-e56fb9a2d075_en?filename=SIGNED_WA_OLAF-Controller.pdf

Cinneadh ó Rialaitheoir na gcoimircí nóis imeachta lena nglactar forálacha cur chun feidhme maidir le gearáin 2022/C 494/07 a láimhseáil (IO C 494, 28.12.2022, lgh. 17-23), ar fáil ag: https://supervisory-committee-olaf.europa.eu/controller-procedural-guarantees/about-controller/legal-framework_en.

Tuarascálacha gníomhaíochtaí bliantúla agus tuairimí

Tuarascáil Gníomhaíochtaí Rialaitheoir na Ráthaíochtaí Nós Imeachta le haghaidh 2022, PUB/2023/803 (IO C 248, 13.7.2023, lch. 1), le fáil freisin ag: https://supervisory-committee-olaf.europa.eu/document/download/fdcb45a3-1934-423d-8198-689d2a96bc1c_en?filename=Controller%20-%20Annual%20Report%202022%20.pdf.

Tuarascáil Gníomhaíochtaí Rialaitheoir na Ráthaíochtaí Nós Imeachta le haghaidh 2023 (IO C, C/2024/5673, 23.9.2024), le fáil freisin ag: https://supervisory-committee-olaf.europa.eu/document/download/5add81b3-44e1-41a4-bdf1-806c1186b9dd_en?filename=Controller-Annual%20Report%202023%20.pdf.

Tuarascáil Gníomhaíochtaí Rialaitheoir na Ráthaíochtaí Nós Imeachta le haghaidh 2024 (IO C, C/2025/4511, 7.8.2025), le fáil freisin ag: https://supervisory-committee-olaf.europa.eu/document/download/8a8d23c3-9e4c-4f0f-8020-a555e317aa87_en?filename=COAR%202024.pdf.

Tuairim an Rialaitheora maidir leis na dréacht-GIPanna, le fáil ag: https://supervisory-committee-olaf.europa.eu/document/download/4f655d63-4b02-40df-8b93-038c44f1bb2e_en?filename=Opinion%20of%20the%20Controller%20on%20draft%20GIPs_redacted%20final.pdf.

Tuairim an Rialaitheora maidir leis an meastóireacht ar chur i bhfeidhm agus tionchar Rialachán Uimh. 883/2013, Tag. Ares(2026)2209882 – 27/02/2026, le fáil ag https://supervisory-committee-olaf.europa.eu/document/download/3c7a4446-920f-4cdb-92a3-f465e766a30e_en?filename=Annex%20-%CTR 20 %20Opinion%20on%20evaluation.pdf.